
# 2023 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

NSAI

## Ag nuálú chun todhchaí níos sábháilte, níos fearr agus inbhuanaithe a mhúnlú











**Cad is caighdeán ann?** Foinse buntáiste iomaíoch ar fud na n-earnálacha go léir

De réir ISO* (an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú), is ionann caighdeáin agus gaois mheáite na ndaoine a bhfuil saineolas acu ar a n-ábhar. Is doiciméad teicniúil é caighdeán a fheidhmíonn mar threoirlíne, sainiú nó norm. Is é is bonn leis ná comhdhearcadh faoi conas:

- táirge a dhéanamh
- próiseas a bhainistiú
- seirbhís a sholáthar
- acmhainní a sholáthar.

Ar fud na n-earnálacha go léir, cuireann caighdeáin le cáilíocht, sábháilteacht, éifeachtúlacht agus intuarthacht táirgí, próiseas agus seirbhísí. Ach caighdeáin a ghlacadh:

- feabhsaítear an idir-inoibritheacht
- rannchuidítear le bainistíocht costais
- cothaítear comhar ar fud tionscal.

Nuair a ghlacann gnólachtaí caighdeáin go luath, cabhraíonn sé leo an baol a bhaint as an gcinnteoireacht agus cuireann sé bonn lena gcuid iarrachtaí taighde agus forbartha. Ina theannta sin, aithnítear i mbeartas fiontraíochta na hÉireann agus na hEorpa go dtugann caighdeáin buntáiste iomaíoch do gach gnóthas beag agus meánmhéide (FBM).

(Foinse: Standards, ISO, *iso.org/standards.html*, 2023)



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá: Feabhas agus nuálaíocht a chur chun cinn do thodhchaí na hÉireann | 2 |
| An misean, an fhís agus na luachanna atá againn | 3 |
| 2023 in uimhreacha | 4 |
| Forléargas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 6 |
| Caighdeáin: Deis an gnó agus an tsochaí a chumhachtú | 8 |
| Deimhniúchán: Barr feabhais sa tionscal | 16 |
| NSAI Certification UK Ltd; NSAI Inc | 24 |
| An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta | 26 |
| Méadreolaíocht Dlí | 30 |
| Rialachas Comhshaoil agus Sóisialta: Saol inbhuanaithe a chothú | 32 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird | 35 |
| Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2023 | 42 |
| Oifigí NSAI | 74 |




# Brollach
# Feabhas agus nuálaíocht a chur chun cinn do thodhchaí na hÉireann

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) comhlacht caighdeán oifigiúil na hÉireann, a bhíonn i mbun nuálaíochta chun saol níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe a chothú.

Bíonn bunchloch iontaoibhe de dhíth ar gheilleagair agus sochaithe ionas go mbeidh borradh fúthu agus go mbeidh rath orthu. Ar an leibhéal praiticiúil, is éard atá i gceist leis sin nach mór muinín a bheith againn sna hidirghníomhaíochtaí is lú inár saol laethúil: muinín go mbíonn lítear peitril á thomhas i gceart ag an stáisiún peitril áitiúil; muinín go n-oibreoidh criosanna sábhála i gcarranna agus i veaineanna, má tharlaíonn timpiste; muinín go bhfuil na dáileoga cruinne de na comhábhair chearta inár gcógais.

Chun muinín a chothú, tá seirbhísí caighdeánaithe, deimhniúcháin agus tomhais á soláthar ag NSAI thar ceann stát na hÉireann le beagnach 30 bliain anuas.

Agus muid ag tuairisciú don Aire Gnó, Fostaíochta agus Miondíola sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, is comhpháirtí feabhsúcháin gnó muid — ag cabhrú le gnólachtaí Éireannacha a bheith nuálach agus teacht chun cinn ar ardán an domhain.

I measc ár gcliaint tá fiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha agus gnólachtaí ilnáisiúnta ar fud 30 tír. Cabhraímid leo:

- a bheith i mbun nuála
- dul san iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta
- caighdeáin, dlíthe agus rialacháin ábhartha a chomhlíonadh
- feabhas leanúnach a chur orthu féin.

Faigh amach conas a chuidímid le heagraíochtaí ionas go n-éireoidh go geal leo:

Éire: NSAI.ie

An Ríocht Aontaithe: NSAI.uk

Domhanda: NSAIinc.com

# An **misean**, an **fhís** agus na **luachanna atá againn**

Tá colúin lárnacha Phlean Straitéiseach NSAI 2022-2026 dírithe ar thacú le seirbhísí agus iad a fheabhsú do gach eagraíocht, go háirithe gnólachtaí beaga, ar fud cheithre phríomhréimse den gheilleagar, lena léirítear tosaíochtaí an rialtais:

- an timpeallacht thógtha
- claochlú digiteach
- gníomhú ar son na haeráide
- teicneolaíocht an leighis.

## An misean atá againn

Baineann NSAI leas as an saineolas agus an oilteacht atá againn, mar aon leis an dea-chleachtas sa tionscal, chun ár bpobal gnó domhanda a nascadh, a éascú agus a fhorbairt. An tráth céanna, aimsíonn sé réitigh nuálacha chun saol níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe a chothú.

## An fhís atá againn

A bheith inár rogha comhpháirtí ag gnólachtaí ar an leibhéal domhanda maidir le seirbhísí teicniúla, saineolacha den scoth a sholáthar, chun cuidiú le gnólachtaí rath a bheith orthu ar bhealach claochlaitheach, inbhuanaithe.

## Ár gcroíluachanna

Beidh croíluachanna athnuaite NSAI ina mbonn agus ina dtaca ag an misean agus ag an bhfís, cuirfidh siad cruth ar ár gcultúr, agus léireoidh siad cé na tréithe a bhfuil meas ag NSAI orthu agus a gcuireann sé luach ard orthu i ndáiríre. Is iad sin:

**BARR FEABHAIS**
Is cúis mhór bhróid againn é inniúlacht cheannródaíoch agus seasmhacht a chur chun cinn d'fhonn barr feabhais a bhaint amach inár gcuid oibre, agus muid ag glacadh go fonnmhar le hathruithe agus ag tapú deiseanna.

**SAINEOLAS**
Agus ár gcumas á chothú againn i dtaobh breathnú chun cinn, aithnímid an tábhacht ollmhór a bhaineann le féachaint chuige go mbeidh ár ndaoine seasta ag forbairt agus ag fás.

**MEAS**
Aithnímid nach féidir rath a bheith orainn ach trí mheas a bheith againn ar éagsúlacht ár bhfoirne, ár gcustaiméirí agus ár gcomhpháirtithe. Cinntítear go mbeidh meas againn orthu trí chur chuige oscailte, rannpháirteach a léiriú inár n-idirghníomhaíocht go léir agus trí thimpeallacht a chothú atá bunaithe ar mhuinín a bheith againn as a chéile.

**IONRACAS**
Is mór againn an t-ionracas agus bímid ag bainistiú ar bhealach neamhchlaonta. Is iadsan bunchlocha ár ngníomhaíochtaí agus leagtar béim orthu agus muid ag plé lenár bpáirtithe leasmhara go léir.

**COMHOIBRIÚ**
Bímid ag comhoibriú ar bhealach rannpháirteach ar fud ár n-eagraíochta, lenár bhfoireann, agus le comhpháirtithe seachtracha chun luach inbhuanaithe a chothú d'Éirinn i gcomhthéacs domhanda.

**NUÁLAÍOCHT**
Tacaímid leis an ngá atá ann a bheith sofhreagrúil agus nuálach ar fud ár bpróiseas, ár gcóras, agus ár seirbhísí, rud a bhaintear amach trí bheith seasta ag ceistiú na mbealaí atá leagtha síos chun rudaí a dhéanamh.

**CUNTASACHT**
Tugaimid muid féin agus a chéile chun cuntais chun ár gcroíluachanna a chomhlíonadh i gcónaí agus muid ag gabháil don mhisean atá againn, ionas go mbeidh ardleibhéal creidiúnachta againn i súile ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Is féidir leat cóip dár bPlean Straitéiseach a íoslódáil ó nsai.ie.


# 2023 in uimhreacha

**CAIGHDEÁIN**

FOILSÍODH
**1,372**
CAIGHDEÁN NUA

FUARTHAS
**258,128**
CAIGHDEÁN TRÍ CHATALÓG NSAI

FÁILTÍODH ROIMH
**243**
COMHALTA COISTE NUA









**DEIMHNIÚCHÁN** [TRÍ NSAI AGUS NSAI INC]

RINNEADH
**2,935**
LÁ INIÚCHTA LE HAGHAIDH DEIMHNIÚCHÁN AR FHEISTÍ LEIGHIS

CEADAÍODH
**9,051**
TÁIRGE MÓTARFHEITHICLE

CEADAÍODH
**989**
DEIMHNIÚ AR THÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA EISITHE

EISÍODH
**409**
DEIMHNIÚ NUA I LEITH CÓRAIS BHAINISTÍOCHTA

CLÁRAÍODH
**320**
SUITEÁLAÍ INSLITHE

FREASTALAÍODH AR
**25**
CLIANTCHUIDEACHTA NUA TRÍ NSAI CERTIFICATION UK, AGUS MARCÁIL UKCA SAN ÁIREAMH

FUARTHAS
**19**
BHFIOSRÚCHÁN NUA FAOI MMC (MODHANNA NUA-AIMSEARTHA FOIRGNÍOCHTA)*

FOILSÍODH
**9**
NDEIMHNIÚ MMC NUA, LENA N-ÁIRÍTEAR ATHBHREITHNITHE AR DHEIMHNITHE A EISÍODH ROIMHE SEO*

* Bunaíodh Aonad nua NSAI um modhanna nua-aimseartha foirgníochta i mí an Mheithimh 2023, sa Rannóg Deimhniúcháin

**AN TSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MÉADREOLAÍOCHTA**

D'EISIGH AN TSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MÉADREOLAÍOCHTA (NML)
**5,200**
DEIMHNIÚ CALABRÚCHÁIN DO BHREIS IS 420 CUIDEACHTA


CHUIR EOLAITHE TOMHAIS
**515**
LÁ TAIGHDE ISTEACH I GCOMHAIR CHLÁIR EORPACHA THAIGHDE

MÚINEADH
**20**
CÚRSA OILIÚNA DE CHUID NML, AR FHREASTAIL 74 CUIDEACHTA ÉIREANNACH ORTHU

**MÉADREOLAÍOCHT DLÍ**

TUGADH CUAIRT AR
**6,770**
ÁITREABH AR FUD NA HÉIREANN

RINNEADH CIGIREACHT AR
**24,607**
UIRLIS TRÁDÁLA



# Forléargas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

## An fáth ar mó ná riamh an tábhacht atá le caighdeáin

In 2023, bhí Éire á cheiliúradh go raibh 50 bliain caite aici ina Ballstát den Aontas Eorpach.Ba thráthúil an meabhrúchán é sin dúinn go mbíonn an tír seo, toisc gur geilleagar beag oscailte atá aici, ag brath go mór ar éileamh eachtrach agus ar mhargaí idirnáisiúnta le haghaidh fás inbhuanaithe, leanúnach. Tá sé sin ríthábhachtach chun poist a choinneáil agus a chothú ar fud na tíre.

Is mó ná riamh an tábhacht a bhaineann le caighdeáin, deimhniúchán agus tomhas i ndáil leis an trádáil, mar go gcuireann siad ar a gcumas do ghnólachtaí earraí agus seirbhísí a thrádáil gan bhacainní san Aontas Eorpach. Fágann sé sin an saol níos éasca do gach duine.

Leis an gcomhsheasmhacht iomlán sin, éascaítear don trádáil trasteorann agus cothaítear deiseanna nua do ghnólachtaí, go háirithe gnólachtaí in Éirinn.

### Ó phleanáil go gníomh

Tugtar cuntas i bPlean Straitéiseach NSAI 2022-2026 ar na spriocanna uaillmhianacha atá againn, atá dírithe ar na réimsí seo a leanas:

- FBManna na hÉireann a chothú
- an gníomhú ar son na haeráide agus an inbhuanaitheacht
- claochlú digiteach
- borradh a chur faoin teicneolaíocht leighis (medtech)
- an timpeallacht thógtha, ár ngealltanais a chomhlíonadh i leith an bheartais 'Tithíocht do Chách'

In 2023, chomhlíonamar go leor dár bpríomhchuspóirí, a bhuí le réiteach díograiseach a rinne ár gcomhghleacaithe, ár mbord, oifigigh roinne, comhaltaí coiste agus príomhpháirtithe leasmhara eile, agus a bhuí leis an gcomhoibriú eatarthu.

Mar gheall air sin, d'éirigh linn an méid seo a leanas a bhaint amach:

- foilsíodh an chéad Treochlár um Chaighdeáin agus Dearbhú i dtaobh Intleacht Shaorga de chuid na hÉireann, faoin Straitéis Náisiúnta IS
- rinneadh muid a ainmniú faoin Rialachán um Fheistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro (IVDR) chun measúnuithe comhréireachta a dhéanamh agus deimhnithe ar an marc CE a dheonú don earnáil feistí leighis
- sheolamar scéim nua deimhniúcháin i dtaobh modhanna nua-aimseartha foirgníochta (MMC), chun tacú le 'Tithíocht do Chách'
- thosaíomar ag deimhniú táirgí foirgníochta de dhéantús na hÉireann leis an marc UKCA, le cur ar mhargadh na Ríochta Aontaithe
- sheolamar an Bailiúchán Moltaí Caighdeánacha um Iarfheistiú, chun treoir a thabhairt maidir le huasghrádú inbhuanaithe, éifeachtúil a dhéanamh ar fhoirgnimh
- d'ullmhaíomar an chéad Treochlár um Ghníomhú Aeráide de chuid NSAI, faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá foilsithe ag an Rialtas
- sheolamar an chéad Ghreille Náisiúnta Uainiúcháin de chuid na hÉireann, chun a chinntiú go bhfuil na cloig ag teacht, beagnach i bhfíor-am, leis an Am Comhordaithe Uilíoch (UTC)
- rinneamar cigireacht ar bhreis is 24,000 uirlis trádála, amhail earraí gloine in áitribh cheadúnaithe agus meánna in ollmhargaí
- bhunaíomar dhá ionad nua barr feabhais:
  - Ionad Barr Feabhais um Ghníomhú Aeráide agus um Inbhuanaitheacht
  - Ionad Barr Feabhais um Chlaochlú Digiteach

### Cabhrú leis an straitéis Eorpach um chaighdeánú a chur i bhfeidhm

Tá sé ríthábhachtach an caighdeánú a choinneáil ar chlár oibre lucht déanta beartas ar na leibhéil is airde. Is muidne comhlacht caighdeán oifigiúil na hÉireann, agus ghlacamar ár n-áit ag an gcéad Fhóram Ardleibhéil ar Chaighdeánú Eorpach in 2023, imeacht ar thug an Coimisiún Eorpach cuireadh dúinn chuige.

Ina theannta sin, rinneamar ceiliúradh ar an méid atá déanta ag Éirinn i leith an chaighdeánaithe Eorpaigh ag ár bhFóram agus Gradaim Caighdeán i mí Dheireadh Fómhair 2023, áit ar bhronnamar gradam speisialta lena cheiliúradh go bhfuil Éire ina Ballstát den Aontas Eorpach le 50 bliain anuas.

Ba é téama an imeachta ná an geilleagar ciorclach, agus é nasctha le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Beimid ag leanúint leis an mbéim mhór sin ar inbhuanaitheacht in 2024 agus níos faide anonn.

Bíonn NSAI fós ag cur na hinbhuanaitheachta san áireamh i ngach rud a dhéanaimid, chun tacú leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

## Ag infheistiú don saol atá romhainn

Tá ag éirí go maith fós le NSAI ó thaobh feidhmíocht airgeadais de, agus rinneamar ioncam níos mó ná €30 milliún den chéad uair riamh. Tá NSAI agus Éire tosaithe ag baint leas as na buntáistí a bhaineann le hinfheistíochtaí a rinneadh inár bpríomhréimsí tosaíochta:

- Tithíocht do Chách
- feistí leighis
- claochlú digiteach
- gníomhú ar son na haeráide.

In 2023, leanamar ar aghaidh ag infheistiú sna réimsí sin, agus muid ag féachaint chuige gur féidir le NSAI díriú ar an nuálaíocht chun saol níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe a chothú.

## Straitéis atá dírithe ar an todhchaí: Cá bhfuil ár dtriall?

Agus muid ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin na todhchaí, ní mór dár gcuid oibre leanúint ar aghaidh ag léiriú phríomhthosaíochtaí an rialtais agus an Aontais Eorpaigh.

Agus Plean Straitéiseach NSAI á chur i bhfeidhm againn, ba mhaith linn deiseanna a thapú maidir le claochlú digiteach, teicneolaíocht leighis, gníomhú ar son na haeráide agus tithíocht, ar deiseanna iad a chuidíonn le hÉirinn a cuid spriocanna a bhaint amach. Sa chaoi is go mbeidh rath orainn amach anseo, ní mór dúinn an plean sin a chur i bhfeidhm d'Éirinn agus dár bpobal gnó domhanda.

## Ár mbuíochas ó chroí leis na daoine a mbímid ag obair leo

Mar is iondúil, táimid an-bhuíoch de bhaill foirne NSAI in Éirinn, sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, a choinnigh orthu ag cabhrú leis an eagraíocht a spriocanna a bhaint amach in 2023. Gabhaimid buíochas freisin leis na comhaltaí boird (agus na comhaltaí boird atá imithe as oifig), as a gcuid ama agus a ndúthracht.

Ar an gcaoi chéanna, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil freisin lenár gcomhaltaí coiste agus leis na saineolaithe tionscail – 2,400 duine san iomlán – as a dtiomantas leanúnach d'obair an chaighdeánaithe, rud a chuir le cáil na hÉireann i súile an domhain.

Is mór againn freisin an tacaíocht ó na hAirí sa Roinn a bhfuilimid faoina coimirce – an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta – agus an tacaíocht ó dhaoine ar fud na rannán go léir, go háirithe Aonad Idirghabhála NSAI. Táimid an-bhuíoch as an tacaíocht a thug siad dúinn maidir le plean straitéiseach NSAI a chur i bhfeidhm agus maidir lenár gcuid oibre chun trádáil agus fiontraíocht na hÉireann a chumasú.

Anois, i gcomhréir le forálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), 1996, thar ceann an bhoird agus NSAI, cuirim faoi bhur mbráid an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.



**James Kennedy**
*Cathaoirleach*



**Geraldine Larkin**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# **Caighdeáin:** Deis an gnó agus an tsochaí a chumhachtú

Is é NSAI an comhlacht náisiúnta caighdeán d'Éirinn agus is é comhalta na hÉireann é sna heagraíochtaí seo a leanas:

- CEN (An Coiste Eorpach um Chaighdeánú)
- CENELEC (An Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictriteicniúil)
- ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán)
- IEC (An Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil).

Tá NSAI ina chomhalta freisin de ETSI, Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide.




*Ina bhfocail féin…*

*Bíonn Príomhfheidhmeannach KUKA Ireland, Brian Cooney, ag cur go gníomhach le forbairt leanúnach caighdeán trí pháirt a ghlacadh i gcoiste teicniúil NSAI um Róbait, Róbait Chomhoibríocha agus Róbataic.*

**"Táimid gar do na caighdeáin, mar sin is féidir linn iad a chur i bhfeidhm le cabhair ó na saineolaithe eile go léir atá i gceist."**
*Brian Cooney, KUKA Ireland [Comhalta de Choiste Teicniúil NSAI]*

TTrína struchtúr náisiúnta coistí, ina bhfuil breis is 2,400 comhalta coiste páirteach, cuidíonn NSAI le saineolaithe agus páirtithe leasmhara atá bunaithe in Éirinn páirt a ghlacadh sa chaighdeánú ar gach leibhéal.

Bíonn saineolaithe NSAI i mbun obair chaighdeánaithe ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus iad ag déanamh ionadaíocht do leasanna ghnólachtaí agus shochaí na hÉireann.

In Éirinn, bíonn NSAI ag obair le heagraíochtaí, gnólachtaí agus saineolaithe Éireannacha agus spreagaimid iad chun bheith páirteach san fhorbairt caighdeán. Trí bheith ar thús cadhnaíochta maidir le taighde agus forbairt caighdeán, is féidir leo tairbhe a bhaint as aistriú eolais agus as an nuálaíocht.

Ina theannta sin, bíonn NSAI ag obair ar fud earnálacha tionscail agus taighde agus leis an lucht acadúil chun aird a dhíriú ar luach na gcaighdeán agus ar an luach a bhaineann lena nglacadh.

Cuirimid leabharlann mór náisiúnta caighdeán ar fáil freisin, ina bhfuil caighdeáin Eorpacha agus cinn idirnáisiúnta chomhchuibhithe chomh maith le caighdeáin náisiúnta, agus tá siadsan le fáil i Siopa Caighdeán NSAI.



# Chaighdeáin **Sracfhéachaint ar 2023**

## Achoimre ar 2023

Tá
**29,100+**
caighdeán le fáil i gcatalóg NSAI (ardú ó 28,000+ in 2022)

Tá **1,372**
caighdeán foilsithe ag NSAI

Fuarthas **258,128**
caighdeán trí chatalóg ar líne NSAI, ar féidir síntiús a ghlacadh ina leith

Chláraigh beagnach
**427**
cruinniú de chuid na gcoistí caighdeán

Chláraigh beagnach **170**
úsáideoir nua iad féin le tairseach 'Your Standards Your Say' NSAI (ardán poiblí ar líne ar ar féidir le lucht tionsclaíochta na hÉireann agus leis an bpobal teacht ar dhréachtchaighdeáin, trácht a dhéanamh orthu agus ionchur a bheith acu ina leith)

Tá **2,400**
comhalta ar na coistí náisiúnta



# Caighdeáin **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

## Na caighdeáin ag cur breisluach le tionsclaíocht na hÉireann

### Caighdeáin nua agus cinn ar díoladh a lán díobh in 2023

Ag teacht lenár bplean straitéiseach, d'fhorbair agus d'fhoilsigh coistí caighdeán na caighdeáin Éireannacha seo a leanas chun freastal ar riachtanais lucht tionsclaíochta agus sochaí na hÉireann:

- I.S. 420:2023 Dúnphoill Choincréite Réamhtheilgthe
- I.S. 436:2020+A1:2023 Fálú feirme – Cuaillí adhmaid agus sreang – Riachtanais
- I.S. 3217:2023 Soilsiú Éigeandála

### Ba iad na caighdeáin ba mhó a raibh díol orthu in 2023

1. I.S. 10101:2000+AC1:2000 Rialacha Náisiúnta maidir le Fearas Leictreach (Rialacha maidir le Sreangú)
2. I.S. 3217:2023 Soilsiú Éigeandála
3. I.S. 813:2014+A1:2017/AC:2017 Suiteálacha Gáis Tí (Eagrán 3)
4. I.S. 3218:2013+A1:2019 Córais braite dóiteáin agus aláraim d'fhoirgnimh
5. IS 291:2015+A1:2022 – Fearas iniompartha múchta dóiteáin a roghnú, a choimisiúniú, a shuiteáil, cigireacht a dhéanamh air agus é a chothabháil




### Ríthábhachtach ar an leibhéal straitéiseach don nuálaíocht agus don fhás náisiúnta agus Eorpach

Mar gheall ar Straitéis um Chaighdeánú an Aontais Eorpaigh, aithnítear gur uirlis ríthábhachtach iad na caighdeáin chun tacú le fás gheilleagrach na tíre seo agus na hEorpa. Spreagann siad na nithe seo a leanas:

- dul chun cinn teicneolaíochta
- iomaíochas
- idir-inoibritheacht
- nuálaíocht.

Féachtar sa straitéis leis an gcaighdeánú a leabú ionas go spreagann sé iomaíochas agus seasmhacht san Eoraip. Ina theannta sin, is treoir straitéiseach í don ról ceannaireachta na hEorpa maidir le déanamh caighdeán ar an leibhéal domhanda.

### Tacaíocht don bheartas agus tionsclaíocht Eorpach

I mí Eanáir 2023, chuaigh Fóram Ardleibhéil an Choimisiúin Eorpaigh ar Chaighdeánú i mbun oibre, le tacaíocht ar an leibhéal náisiúnta ó NSAI agus ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Is é is aidhm don Fhóram tosaíochtaí i dtaobh an chaighdeánaithe a bheartú chun tacú le beartais agus reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna cothrománacha amhail ceannaireacht idirnáisiúnta, oideachas agus scileanna nó dúshláin réamhnormacha i suíomh ina mbíonn roinnt páirtithe leasmhara éagsúla i gceist.

Is iad tosaíochtaí an Fhóraim féachaint cé na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaobh caighdeánaithe amach anseo chun tacú le reachtaíocht, cláir agus beartais an Aontais.

Ó cuireadh ar bun é, tá 15 shruth oibre bunaithe ag an bhFóram i ndáil lena chuid oibre chun caighdeánú Eorpach a chur chun cinn go straitéiseach. Chuidigh sé freisin le treoir a thabhairt faoi fhorbairt Chlár Oibre Bliantúil an Aontais maidir le Caighdeánú Eorpach agus le tosaíochtaí Eorpacha a bhunú ina leith. Féach Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta an Fhóraim Ardleibhéil 2023.

# Caighdeáin **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

## Tacaíocht don bheartas agus tionsclaíocht náisiúnta

Le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach NSAI, bhí ar chumas NSAI a ghníomhaíochtaí forbartha caighdeán a uasmhéadú chun teacht le beartas an rialtais agus le Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an gCaighdeánú. Is léiriú é sin ar an méid a thacaíonn forbairt caighdeán agus na caighdeáin féin le hiomaíochas fhiontair agus taighde na hÉireann agus lena dtionchar.

Lean NSAI ar aghaidh freisin ag gabháil do ghealltanais i leith beartas agus reachtaíocht náisiúnta agus beartas agus reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh ar fud raon réimsí straitéiseacha a bhaineann le caighdeáin, lena n-áirítear:

- gníomhú ar son na haeráide
- claochlú digiteach
- fiontar agus nuálaíocht.

## Tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide agus leis an inbhuanaitheacht

Bíonn NSAI ag obair chun tacú le tionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí a ghabhann leis an athrú aeráide, agus chun an inbhuanaitheacht a chur chun cinn.

### Dlús a chur leis an ngeilleagar ciorclach

In 2023, leanamar ar aghaidh ag rannchuidiú le hobair na gcoistí Eorpacha agus idirnáisiúnta éagsúla atá dírithe ar an réimse seo, go háirithe trí choiste an gheilleagair chiorclaigh de chuid NSAI, NSAI/TC 66. Áiríodh leo sin:

- CEN/TC 350 – Inbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta, lena bhforbraítear caighdeáin chothrománacha chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe inbhuanaitheachta in oibreacha foirgníochta nua agus cinn atá ar bun cheana.
- CEN/TC 473 – An geilleagar ciorclach, lena bhféachtar le caighdeáin chothrománacha a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar réamhriachtanais, ar reachtaíocht agus ar bheartas a bhaineann go sonrach leis an Eoraip. Tá sé ina aidhm leis na caighdeáin treoir, moltaí, ceanglais, modheolaíochtaí agus uirlisí a sholáthar chun an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chur faoi deara, chun tacú leis agus chun é a thomhas ar leibhéal na heagraíochta.
- ISO/TC 323 – An geilleagar ciorclach, lena bhforbraítear caighdeáin i réimse an gheilleagair chiorclaigh chun creataí, treoir, uirlisí tacaíochta agus ceanglais a fhorbairt i ndáil le gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha uile a chur chun feidhme, chun an rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe a uasmhéadú.

I rith 2023, chuireamar leis an bhforbairt leanúnach atá á déanamh ar shraith thábhachtach caighdeán idirnáisiúnta ó ISO/TC 323, a fhoilseofar in 2024:

- ISO 59004 – An geilleagar ciorclach – Stór focal, prionsabail agus treoir maidir le cur i bhfeidhm
- ISO 59010 – An geilleagar ciorclach – Treoir maidir le haistriú samhlacha gnó agus líonraí luacha
- ISO 59020 – An geilleagar ciorclach – Feidhmíocht chiorclach a thomhas agus a mheas
- ISO 59040 – An geilleagar ciorclach – Bileog sonraí maidir le gnéithe ciorclacha táirge.

Ina theannta sin, bhunaigh NSAI coiste nua maidir le cur chuige ciorclach i leith troscán a dhearadh.

### Caighdeáin maidir le hiarfheistiú agus caighdeáin inbhuanaitheachta eile a spreagadh

In 2023, thosaigh Coiste Iarfheistithe NSAI ag obair ar an gcéad eagrán eile de *S.R. 54 – Cód Cleachtais* maidir le hiarfheistiú a dhéanamh ar theaghaisí sa chaoi is go mbeidh siad tíosach ar fhuinneamh. D'éirigh thar barr leis an eagrán atá ann faoi láthair, a foilsíodh den chéad uair in 2014, agus tá sé fós in úsáid go forleathan sa tionscal.

Ainmníodh NSAI faoi roinnt gníomhaíochtaí sa Phlean Gníomhaíochta Bithgheilleagar 2023-2025, doiciméad de chuid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá NSAI fós ag déanamh faireachán ar obair Chomhlacht Comhairleach Straitéiseach CEN-CENELEC ar an gComhshaol agus ag glacadh páirt san obair sin. Tá sé de chúram ar an gComhlacht Comhairleach sin comhairle straitéiseach a chur ar lucht bainistíochta CEN-CENELEC, caighdeánú a chur chun cinn i gcreat beartais comhshaoil na hEorpa agus tacú le coistí teicniúla i dtaobh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil ina gcuid oibre.



# Caighdeáin **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

## Príomhghníomhartha NSAI faoin Treochlár um Chaighdeáin agus um Dhearbhú Intleachta Saorga

Trí Ghníomh 2 den treochlár, tá NSAI tiomanta do thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha agus d’úsáideoirí córas IS ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi na ceanglais atá orthu faoi chaighdeáin IS agus faoi mheasúnú comhréireachta. Le linn 2023, rinne NSAI an méid seo a leanas chuige sin:

- tionscnaimh chun feasacht a chothú ar chaighdeáin IS san fhorbairt
- bhí sé i gceannas ar shruth oibre Fhóram Ardleibhéil an Aontais ar fheasacht ar chaighdeáin IS, a bunaíodh i mí na Bealtaine 2023, chun leas a bhaint as gníomhaíochtaí feasachta ar fud an Aontais chun tacú le gnólachtaí agus eagraíochtaí Éireannacha.







### Tacú le nuálaíocht dhigiteach agus claochlú

#### Úsáid na hintleachta saorga a chumasú

Tá teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) ar cheann de na réimsí is tábhachtaí agus is mó a bhfuil borradh fúthu maidir leis an dul chun cinn sa teicneolaíocht. Gné lárnach de Straitéis Dhigiteach Náisiúnta na hÉireann is ea leas a bhaint as nuálaíocht dhigiteach ar mhaithe le sochaí agus geilleagar na hÉireann.

Tá iarrachtaí ollmhóra á ndéanamh ag na daoine sin a bhfuil baint acu le caighdeánú sa réimse TFC, ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta, chun coinneáil suas leis na caighdeáin is gá chun tacú leis an úsáid a bhaintear as an intleacht shaorga (IS), teicneolaíochtaí chandamacha, blocshlabhra, an néalríomhaireacht, imeall-ríomhaireacht, agus Idirlíon na nEarraí.

Díríodh go háirithe ar an intleacht shaorga in 2023 agus sin mar atá fós, le feidhmiú an Treochláir um Chaighdeáin agus Dearbhú i réimse na hIntleachta Saorga, a d’fhoilsigh Caighdeáin NSAI i mí Iúil 2023.

Is príomhearra insoláthartha é an treochlár faoi IS – Is Cuid den Saol é Anois: Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d’Éirinn. Cuimsítear ann sraith gníomhartha chun freastal ar an ngá atá le Caighdeáin agus Dearbhú sa réimse sin faoin ngníomh maidir leis an Intleacht Shaorga atá á ullmhú ag an Aontas Eorpach agus chun tacú lena chur i bhfeidhm.

Le linn 2023, rinne NSAI an méid seo a leanas: bhí sé ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tacú leis sa chaibidlíocht i ndáil le Gníomh an Aontais Eorpaigh maidir leis an Intleacht Shaorga. Leanaimid de bheith ag comhoibriú leis an rialtas agus le gníomhaireachtaí stáit eile chun ullmhú d’fheidhmiú chóras rialála IS na hÉireann.

Ionas go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag Éirinn ar chaighdeánú idirnáisiúnta IS, tá príomhról ag NSAI maidir le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha IS a fhorbairt. Ag ISO/IEC JTC1/SC42, is Éire a dhéanann Meitheal 3 ar Iontaofacht IS a thionól agus is í atá ina rúnaí ag an Meitheal. Comhalta de Léirchoiste Náisiúnta NSAI a bhí ina eagarthóir tionscadail ar ISO/IEC 42001.

Ag gníomhú di in CEN-CENELEC, tá ról gníomhach ag Éirinn san obair a dhéanann JTC21, agus glacann saineolaithe páirt i gcoistí chun caighdeáin Eorpacha a fhorbairt, lena n-áirítear iad siúd a cheanglaítear faoin Iarraidh ón Aontas Eorpach um Chaighdeánú IS.

# Caighdeáin **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

### Buaicphointí eile na bliana 2023 maidir le caighdeánú sa réimse TFC

Chomh maith le bheith ag plé leis an intleacht shaorga, bhí saineolaithe NSAI gníomhach freisin i réimsí eile caighdeánaithe a bhaineann le TFC:

- Ar leibhéal ISO/IEC, chuaigh NSAI i mbun rúnaíocht na Meithle Idirnáisiúnta um Rialachas Teicneolaíochta Faisnéise (JTC 1/SC 40/WG 1).
- Maidir le caighdeánú teileachumarsáide, bhí baint ghníomhach ag NSAI leis an Roinn Comhshaoil, Cumarsáide agus Aeráide in obair na hInstitiúide Eorpaí um Chaighdeáin Teileachumarsáide (ETSI) chun athchóiriú a dhéanamh ar a rialachas i gcomhréir leis an leasú ar Rialachán 1025/2012 ón Aontas Eorpach maidir le Caighdeánú.
- Ar leibhéal an Aontais, chuidigh Caighdeáin NSAI le foilsiú Phlean Rollach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Caighdeánú TFC 2024.

### Gradaim Nuálaíochta

D'aithin NSAI an méid a chuireann taighdeoirí Éireannacha leis an gcaighdeánú trí Ghradaim Nuálaíochta NSAI, a cuireadh i láthair ag imeacht bliantúil Fhóram agus Gradaim na gCaighdeán. Ag an imeacht sin, déanann NSAI ceiliúradh ar an méid mhór a dhéanann taighdeoirí i ndáil leis an gcaighdeánú.

In 2023, bhronnamar gradaim éagsúla chun aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí a dhéanann taighdeoirí caighdeáin a úsáid agus tionchar a imirt ar fhorbairt caighdeán chun cabhrú le spriocanna nuálacha a bhaint amach:

- Gradam Taighdeora/Nuálaí Aonair NSAI
- Buaiteoir: Delaram Golpayegani, taighdeoir PhD ag Ionad ADAPT de chuid SFI, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Gradam Nuálaíochta Tionscadail NSAI
- Buaiteoirí: An Dr Alan McGibney agus an Dr Susan Rea ó Ionad Nimbus ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, don tionscadal DENiM
- Gradam Taighdeora Óig NSAI
- Buaiteoir: Dylan Doherty, taighdeoir in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, don Tionscadal Grain-4-Lab.
- Gradam Speisialta NSAI um Rannchuidiú leis an gCaighdeánú Eorpach

Lena cheiliúradh go raibh Éire san Aontas Eorpach le 50 bliain in 2023, bhronn an tAire Neale Richmond an Gradam Speisialta um Rannchuidiú leis an gCaighdeánú Eorpach ar an Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch ag an Údarás Náisiúnta Míchumais.

### Gradaim tríú páirtí

Bhuaigh an Dr Sweta Malik, duine de shaineolaithe caighdeán NSAI, Gradam Taighdeora Óig CEN-CENELEC 2023 i réimse na gcaighdeán agus na nuálaíochta.

## Gradaim agus Buaiteoirí








# Caighdeáin **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

## Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

### Imeachtaí ‘Building Better Business’

Thacaigh NSAI leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag ocht n-imeacht a reáchtáladh ar fud na tíre chun gnó níos fearr a chothú. Ag na himeachtaí sin, bhíomar i dteagmháil dhíreach le FBManna, leagamar béim ar thábhacht na gcaighdeán agus chabhraíomar leo an caighdeán ceart a aithint dá ngnó féin.







building better business

### For-rochtain leis an lucht tionsclaíochta agus rannpháirtíocht leo

Reáchtáil NSAI cruinnithe agus imeachtaí for-rochtana le hearnálacha éagsúla in 2023, agus é i mbun rannpháirtíochta le lucht tionsclaíochta na hÉireann, páirtithe leasmhara, comhlachtaí rialála agus lucht déanta beartas. Chuir NSAI 30 imeacht ar bun i rith na bliana chun feasacht ar chaighdeáin a chur chun cinn, in Éirinn agus mar chuid de thionscnaimh idirnáisiúnta.

- I mí Mheán Fómhair, bhí NSAI páirteach sa seimineár gréasáin HSBooster: Standardisation in the Health Sector
- I mí na Samhna, chuaigh NSAI i bpáirt le Foras Caighdeán na Danmhairge, CEN agus CENELEC chun seimineár gréasáin a óstáil maidir le reachtaíocht atá beartaithe ag an Aontas Eorpach a bhainfidh leis an intleacht shaorga agus leis an ról tábhachtach a bhíonn ag caighdeáin, ar féidir breathnú air anseo
- I mí na Nollag, d’óstáil NSAI/Coiste TC 99 um Shlándáil Sochaí agus Saoránach seimineár ar ullmhacht agus cumais freagartha leis an Tionscadal PEERs.

### Gníomhaíochtaí oideachais chun feasacht ar chaighdeáin a chur chun cinn

Chun feasacht ar chaighdeáin a threisiú, bíonn NSAI i dteagmháil rialta le forais oideachais, leis an bpobal taighde, forbartha agus nuálaíochta agus leis an lucht acadúil. In 2023, thug NSAI 10 léacht chun tacú le hoideachas faoi chaighdeáin in institiúidí acadúla.

Anuas air sin, d’óstálamar sé imeacht ‘Lón agus Leánn’ do chomhaltaí coiste agus do chathaoirligh chun tacú le saineolaithe Éireannacha maidir le scileanna caighdeánaithe a fhorbairt.

### Cruinnithe ina bhforbraítear caighdeáin idirnáisiúnta – iad a óstáil agus páirt a ghlacadh iontu

Chun tacú le caighdeánú idirnáisiúnta níos leithne, d’óstáil NSAI roinnt cruinnithe Eorpacha agus idirnáisiúnta in earnálacha éagsúla tionscail gus ghlac sé páirt iontu. Ar an gcaoi sin, tugaimid níos mó deiseanna do pháirtithe leasmhara in Éirinn chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí tábhachtacha idirnáisiúnta a bhaineann leis an gcaighdeánú. I measc na gcruinnithe a d’óstáil NSAI agus ar ghlac sé páirt iontu, bhí siad seo a leanas:

- Coistí de chuid ISO: ISO/TC 121 maidir le Trealamh Fo-Ainéistéiseach agus Riospráide agus ISO/TC 209/WG 2 maidir le Rialú Bithéillithe

# Caighdeáin **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

- Coistí de chuid CEN:
    - CEN/TC 286 maidir le Trealamh agus gabhálais i gcomhair gás peitriliam leachtaithe
    - CEN/TC 128/SC 4 maidir le Táirgí stroighne snáithíní le haghaidh dín
    - CEN/TC205/WG17 maidir le Maisc um Chosaint ar Ionfhabhtú
    - CEN/TC 102 maidir le Steirileoirí agus trealamh gaolmhar chun feistí leighis a phróiseáil
    - CEN TC 434 maidir le ríomhShonrascú
    - CEN TC 70 WG 5 & 7 maidir le Trealamh Comhraicthe Dóiteáin
- Coistí de chuid CENELEC: CLC/TC 99x maidir le Suiteálacha cumhachta níos mó ná 1kV (1.5kV s.d.)
- Comhchoiste Teicniúil CEN/CLC: CEN/CLC JTC 13/ WG 5 Cosaint Sonraí, Príobháideacht agus Bainistíocht Céannachta.

### Clár Gairmithe Óga IEC

Lean NSAI lena rannpháirtíocht le Clár Gairmithe Óga an Choimisiúin Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC), ina ndéanann rannpháirtithe ionadaíocht ar a dtír ar bhonn ainmniúchán a dhéanann a gcoiste náisiúnta faoi seach.

Trí phróiseas iomaíoch, roghnaigh NSAI beirt chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag Cruinniú Ginearálta bliantúil IEC i gCaireo na hÉigipte agus chun páirt a ghlacadh i gceardlann Gairmithe Óga IEC:

- Catherine Gorton, Bainisteoir H&S le Ward and Burke
- Ahmed Sheikh, Innealtóir Sinsearach Córas Cumhachta le EirGrid.

### Tacú leis an rialtas chun comhchuibhiú teicniúil an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme

Tá feidhm ag Treoir (AE) 2015/1535 maidir le gach dréachtrialachán teicniúil. Is é is aidhm lena nós imeachta bacainní a sheachaint sa mhargadh inmheánach sularb ann dóibh. Tá an treoir dírithe ar a áirithiú go bhfuil na téacsanna sin ag luí le dlí an Aontais agus le prionsabail an mhargaidh inmheánaigh.

Is é NSAI an pointe teagmhála don Chóras Faisnéise um Rialacháin Theicniúla agus chuidigh sé lena chur ar a gcumas do ranna rialtais fógra a thabhairt i leith naoi dtogra chasta le haghaidh reachtaíochta náisiúnta le linn 2023.




## Your Standards, Your Say: comhairliúchán poiblí maidir le dréachtchaighdeáin

Lorg NSAI rannpháirtíocht ó phríomhpháirtithe leasmhara tríd an tairseach ar líne Your Standards, Your Say maidir le caighdeáin thábhachtacha Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhí tagtha chomh fada le céim an chomhairliúcháin phoiblí in 2023.

Is mór an cúnamh iad aighneachtaí le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí ionas gur féidir le NSAI cur chuige comhaontaithe a bhaint amach, rud atá ag croílár phróiseas na gcaighdeán. Déanann an comhlacht teicniúil ábhartha na tuairimí ar fad a fhaightear le linn comhairliúcháin phoiblí a mheas.

Áiríodh leis na comhairliúcháin phoiblí in 2023:

- Dréachtleagan de ISO/DIS 53800: Treoirlínte chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn agus a chur chun feidhme
- I.S. 844 – Iompar agus suiteáil ábhar biotúmanach i gcomhair bóithre agus limistéir phábháilte eile
- I.S. 329 – Príomhlíonra dáileacháin gáis
- I.S. 420 Dúnphoill Choincréite Réamhtheilgthe
- I.S. 361 – Cód cleachtais maidir le húsáid shábháilte a bhaint as craenacha túir – Gnáthchraenacha túir agus cinn féintógála
- S.R. 50-1 – Seirbhísí foirgníochta – Cód Cleachtais – Cuid 1: Córais téimh uiscebhunaithe i dteaghaisí – Leasú 1
- I.S. 10101 – Rialacha Náisiúnta maidir le Fearas Leictreach
- I.S. 436 Fálú feirme – Cuaillí adhmaid agus sreang – Riachtanais.

# **Deimhniúchán:** Barr feabhais i réimse na tionsclaíochta

Bunaíonn agus feidhmíonn NSAI, NSAI Inc and NSAI Certification UK scéimeanna deimhniúcháin i leith táirgí, seirbhísí agus próiseas agus cuireann sí na scéimeanna sin chun cinn. Is ar lucht tionsclaíochta na hÉireann is mó atá siad dírithe.




*Ina bhfocail féin…*

*Trí dheimhniúchán a fháil i leith córas bainistíochta cáilíochta sa tionscal feistí leighis bhí Lawrence Engineering, cuideachta atá lonnaithe i Sligeach, in ann tairiscintí a chur isteach i gcomhair tionscadail mhóra déantúsaíochta. Fuair Lawrence Engineering deimhniúchán i leith I.S. EN ISO 13485:2016 trí NSAI.*

**"Ba chéim thábhachtach chun cinn dár gcuideachta é… deimhniúchán a bhaint amach. Bhí comhpháirteanna á ndéanamh againn cheana féin do thionscal na bhfeistí leighis, ach chuir an deimhniúchán ar ár gcumas dúinn ár mbonn custaiméirí a leathnú in Éirinn agus thar lear."**

*James Lawrence, Lawrence Engineering [Cliant de chuid NSAI]*

Chun tacú le riachtanais ghnó na hÉireann, cuireann NSAI ar fáil idir scéimeanna creidiúnaithe agus scéimeanna deimhniúcháin neamhchreidiúnaithe. Is iad Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) agus Seirbhísí Creidiúniucháin na Ríochta Aontaithe (UKAS) a dhéanann na scéimeanna creidiúnaithe a cheadú.

Sna Stáit Aontaithe, déanann Bord Náisiúnta Creidiúnaithe ANSI (ANAB) creidiúnú ar NSAI Inc chun cláir dheimhniúcháin éagsúla a chur ar fáil.

Trí dheimhniúchán a lorg ó NSAI, is féidir le gnólachtaí a thaispeáint go bhfuil siad á reáchtáil go héifeachtach agus go gcloíonn siad le caighdeáin aitheanta idirnáisiúnta, rud a fhágann go bhfuil buntáiste iomaíoch acu. Ina theannta sin, is cúnamh é an próiseas chun an deimhniúchán a bhaint amach agus a choinneáil ó thaobh féachaint chuige go mbeidh gnólachtaí seasta ag feabhsú.

## Deimhniúchán táirgí (marcáil CE)

Is ionann marcáil CE ar tháirge agus dearbhú ón monaróir go gcomhlíonann an táirge na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar síos sna treoracha agus na rialacháin ar fad ón Aontas Eorpach a bhfuil feidhm acu ina leith.

Is ceanglas dlíthiúil é marcáil CE a bheith faighte chun táirgí áirithe, amhail feistí leighis agus roinnt táirgí foirgníochta, a chur ar an margadh san Aontas Eorpach agus i mballstáit de chuid LEE. Tá an monaróir freagrach as:

- an measúnú comhréireachta a dhéanamh
- an comhad teicniúil a shocrú
- dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh a eisiúint
- an marc CE a ghreamú de tháirge.

Ní gá measúnú comhréireachta tríú páirtí a bheith ag gach táirge, áfach. Má cheadaítear é faoin dlí, féadfaidh an monaróir féin a dhearbhú go bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha nó na caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe ábhartha á gcomhlíonadh aige.

Cuireann NSAI marcáil CE ar fáil do chuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí idirnáisiúnta a chuireann táirgí ar an margadh i mballstáit an Aontais agus LEE.

# Deimhniúchán **Sracfhéachaint ar 2023**

## Achoimre ar 2023

Rinneadh
**2,935**
lá iniúchta le haghaidh deimhnithe i leith feistí leighis (trí NSAI agus NSAI Inc)

Eisíodh
**409**
deimhniú nua i leith córais bhainistíochta (trí NSAI agus NSAI Inc)

Ceadaíodh
**989**
deimhniú ar tháirgí foirgníochta eisithe agus cláraíodh 320 suiteálaí inslithe (ag tacú le straitéis 'Tithíocht do Chách' an Rialtais)

Rinneadh iniúchadh ar
**1,172**
córas bainistíochta (trí NSAI agus NSAI Inc)

Ceadaíodh
**9,051**
táirge feithicleach




### Deimhniúchán ar tháirgí (marcáil UKCA)

Is é atá sa mharcáil UKCA (Measúnú Comhréireachta na Ríochta Aontaithe) an mharcáil a úsáidtear le haghaidh táirgí a chuirtear ar an margadh sa Bhreatain Mhór (Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag). Tá feidhm aige maidir le formhór na dtáirgí a bhféadfaí an mharcáil CE a úsáid ina leith. Ní aithnítear an mharcáil UKCA ar mhargadh an Aontais Eorpaigh, áfach, agus ní mór leas a bhaint as marcáil CE ansin.

In 2023, dheonaigh UKAS creidiúnú do NSAI Certification UK Ltd as ucht a chuid oibre faoin marc UKCA le haghaidh Foirgníochta, Uirlisí Tomhais agus Uirlisí Neamh-Uathoibríocha Meáite. Ina theannta sin, d'éirigh le NSAI Certification UK sa réamh-mheasúnú a rinne UKAS air maidir le creidiúnú i leith ISO 13485 le haghaidh Feistí Leighis.

# Deimhniúchán **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

Soláthraíonn NSAI seirbhísí deimhniúcháin nuair is gá táirgí nó córais táirgthe a thástáil nó a dheimhniú ar bhonn neamhspleách, nó cigireacht neamhspleách a dhéanamh orthu, mar gheall ar threoracha agus rialacháin ábhartha. Leis sin, cuirtear buntáiste iomaíoch ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha.

Is é NSAI an Comhlacht dá dTugtar Fógra faoi reachtaíocht an Aontais i leith na gcatagóirí táirgí seo a leanas:

- feistí leighis
- táirgí foirgníochta
- uirlisí tomhais.

I gcás gnólachtaí atá ag lorg measúnú comhréireachta, ní mór dóibh a léiriú go bhfuil sásraí oiriúnacha rialaithe táirgí agus déantúsaíochta acu lena áirithiú go gcomhlíonfaidh na táirgí na caighdeáin chuí, agus go gcloítear leis na sásraí sin.



## *Ina bhfocail féin…*

*Trí NSAI, fuair Framespace Solutions, cuideachta i gCo. Longfoirt, Deimhniúchán Coimhdeach i leith tionscadal forbraíochta tithíochta i mBaile Átha Cliath, i gcomhréir le ceanglais BC(A)R 2014.*

**"Le Modhanna Nua-Aimseartha Foirgníochta (MMC), tiocfaidh athrú ó bhonn ar an tionscal seo sna blianta amach romhainn. Fuaireamar deimhniúchán coimhdeach maidir le comhlíonadh MMC le déanaí, ar bhonn measúnú neamhspleách a rinne Rannóg Inbhuanaitheachta agus Timpeallachta Tógtha NSAI, agus mar sin bhí Framespace Solutions in ann a léiriú go bhfuilimid amach chun tosaigh maidir le déantúsaíocht bheacht san fhoirgníocht, agus a léiriú freisin mar a thacaíonn ár modhanna leis an mbeartas 'Tithíocht do Chách"**
*Paddy Mahon, Framespace Solutions Ltd*
*[cliant de chuid NSAI]*

Leis an deimhniúchán ar chóras bainistíochta a dhéanann NSAI, tacaítear le bainistíocht eolais eagraíochta ar fud an phróisis bainistíochta, cuirtear le héifeachtúlacht agus laghdaítear rioscaí.

Is féidir le cuideachta nó eagraíocht próisis cháilíochta inmheánacha agus próisis eile a bhunú, a choinneáil ar bun agus a cheadú agus iad ag baint úsáid as creat cruthaithe maidir le córais bhainistíochta a dheimhniú. Go deimhin, tagarmharc domhanda is ea deimhniúchán córais bainistíochta ó thaobh rochtain ar an margadh.

Ach deimhniúchán ó NSAI a bheith acu, bíonn buntáiste iomaíoch ag cuideachtaí maidir le gnó nua a aimsiú sa bhaile agus thar lear.

## Deimhniúchán: An Rannóg um Modhanna Nua-aimseartha Foirgníochta

Bunaíodh aonad nua NSAI um modhanna nua-aimseartha foirgníochta i mí an Mheithimh 2023, sa rannóg deimhniúcháin.

Gealltar sa phlean 'Tithíocht do Chách' de chuid an Rialtais cur leis an táirgiúlacht i réimse na foirgníochta, rud is féidir a bhaint amach trí úsáid a bhaint as modhanna nua-aimseartha foirgníochta (MMC).

Cuimsítear le MMC teicneolaíocht agus modheolaíochtaí foirgníochta lena bhfeabhsaítear an táirgiúlacht, go háirithe ó thaobh foirgníocht lasmuigh den láthair. Baineann sé freisin le modhanna cosúil le painéil mhodúlacha foirgníochta nó frámaí cruaiche éadroma.

Cuireann NSAI deimhniúchán ar fáil do chéim na déantúsaíochta lasmuigh den láthair agus ceadú cóimeála ar an láthair ar chórais tógála MMC.

Anuas air sin, deimhníonn sé comhlíonadh i dtaobh suiteáil córais tógála ar an láthair faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) – BCAR 2014, trí dheimhniúchán coimhdeach a sholáthar.

Tá NSAI ag tacú le straitéis 'Tithíocht do Chách' an Rialtais mar seo a leanas:

- feidhmiú leanúnach na scéime deimhniúcháin ar MMC chun feabhas a chur ar an bpróiseas measúnaithe um thógáil foirgneamh cónaithe, faoi scéim deimhniúcháin Agrément
- foilsiú na treorach maidir le Deimhniúchán Agrément i leith modhanna nua-aimseartha foirgníochta
- an treochlár a thabhairt chun críche maidir le cur le glacadh MMC i dtaobh bearta maidir le soláthar tithíochta poiblí (arna shannadh do NSAI)
- díriú ar ghníomh 61 de 'Tithíocht do Chách', le tabhairt chun críche i Ráithe 3 2024.

# Deimhniúchán **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

Cinntíonn NSAI go n-úsáideann córais tógála deimhnithe 'ábhair thógála, modhanna cóimeála agus suiteála agus próisis rialaithe táirgeachta monarchan chuí' atá oiriúnach dá n-úsáid bheartaithe ar láithreáin in Éirinn, de réir Rialacháin Foirgníochta na hÉireann, 1990 go 2023, atá i bhfeidhm faoi láthair.

Leis an mbéim ar rialú cáilíochta sna próisis déantúsaíochta lasmuigh den láthair, cinntítear

- go gcomhlíonann gnólachtaí na ceanglais rialála atá i bhfeidhm
- go soláthraítear córais foirgníochta modúlaí iontaofa, bheachta don tionscal foirgníochta.

Bíonn NSAI fós ag obair agus ag plé le príomh-dhéantúsóirí lasmuigh den láthair de chuid na hÉireann ionas gur féidir a dheimhniú go gcomhlíonann a gcórais foirgníochta (amhail córais thoirtmhéadracha 3T nó córais phainéil 2T) na rialacháin foirgníochta.

Rinne NSAI iniúchtaí faireachais ar gach eagraíocht atá deimhnithe faoi láthair i dtaobh MMC (is é sin, eagraíochtaí a bhíonn ag plé le córais foirgníochta), atá cláraithe ar shuíomh gréasáin NSAI agus atá deimhnithe faoin scéim deimhniúcháin Agrément i ndáil le foirgníocht mhodúlach.

Is comhalta gníomhach é NSAI freisin den Ghrúpa Earnála Foirgníochta (CSG) agus den Fhoghrúpa Earnála Foirgníochta ar Nuáil agus Glacadh Digiteach le haghaidh Deimhniúchán MMC. Ina theannta sin, tá NSAI ina chomhalta den Mheitheal um Adhmad sa Tógáil – Grúpa Téamach 2 ar Rialachán, Caighdeáin agus Comhlíonadh. Baineann sé sin leis an méadú ar úsáid adhmaid sa timpeallacht thógtha.

## Deimhniúchán: Rannóg na hInbhuanaitheachta agus na Timpeallachta Tógtha

Trí fhoireann na hInbhuanaitheachta agus na Timpeallachta Tógtha, táimid ag tacú le gealltanais an rialtais a chinntiú go bhfuil ábhair agus caighdeáin foirgníochta ag cloí le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus lena spriocanna i dtaobh astaíochtaí. Déanaimid amhlaidh trí dheimhniúchán a sholáthar faoin Rialachán um Tháirgí Foirgníochta, faoina leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a chur ar an margadh san Aontas Eorpach.

Sa Ríocht Aontaithe, beidh marcáil UKCA éigeantach amach anseo do chuideachtaí Éireannacha atá ag iarraidh rochtain a bheith acu ar an margadh sin. In 2023, bhain NSAI Certification UK Ltd amach creidiúnú ó UKAS (UK Accreditation Service) as a chuid oibre faoi Rialachán Táirgí Foirgníochta na Ríochta Aontaithe.

Is féidir le honnmhaireoirí Éireannacha marcáil UKCA a bhaint amach anois trí NSAI i leith táirgí foirgníochta agus iad a chur ar an margadh i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag.

## Achoimre ar 2023

### Deimhniúchán i leith modhanna nua-aimseartha foirgníochta

**Bunaíodh aonad nua agus deimhniúchán i leith MMC i mí an Mheithimh 2023**

**Fuarthas 19 bhfiosrúchán nua faoi MMC**

**Foilsíodh 9 ndeimhniú MMC nua, lena n-áirítear athbhreithnithe ar dheimhnithe a eisíodh roimhe seo**

## Achoimre ar 2023

### Rannóg na hInbhuanaitheachta agus na Timpeallachta Tógtha

**In 2023, thacaigh NSAI le straitéis 'Tithíocht do Chách' an Rialtais mar seo a leanas:**

- **rinneamar scéimeanna deimhniúcháin atá ann cheana a fhorbairt agus a fheabhsú chun tacú le straitéisí rialtais agus chun freastal ar éilimh an tionscail ar réitigh nuálacha foirgníochta**

**rinneamar 989 táirge foirgníochta a cheadú**

**rinneamar 320 suiteálaí inslithe a chlárú**

# Deimhniúchán **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

## Deimhniúchán: An Rannóg um Barr Feabhais sa Ghnó

Ag teacht le plean straitéiseach NSAI, tá ár n-uirlisí tacaíochta do FBManna nuashonraithe againn ionas go mbeidh siad i gcomhréir le leaganacha nua de chaighdeáin ábhartha. Maidir le ISO/IEC 27001 (Córais Bainistíochta Slándála Faisnéise), d'óstáil NSAI imeacht i mí an Mhárta 2023 chun tacú le heagraíochtaí agus iad ag aistriú chuig an leagan is déanaí den chaighdeán.

### Ag obair ar leibhéal na hEorpa

D'éirigh le baill foirne de chuid na Rannóige um Barr Feabhais sa Ghnó na táirgí insoláthartha go léir a chur i gcrích ar thionscadal a fuair cistiú ón Aontas Eorpach, maidir le Dul Chun Cinn le haghaidh na Cibearshlándála agus le haghaidh Sreafaí Gnó a Fheabhsú (A4CEF). Faoin tionscadal sin, forbraíodh inniúlachtaí NSAI i dtaobh Scéim Néal-Deimhniúcháin an Aontais. Chríochnaíomar treoirthionscadail le FBManna Éireannacha, agus d'fhoghlaimíomar ceachtanna tábhachtacha le comhpháirtithe ón bhFrainc agus ón gCipir.

Agus é ag cur leis an obair sin, chuir NSAI togra isteach le haghaidh cistiú faoin nGairm Eorpach ar Chlaochlú Digiteach 2023. Is éard atá i gceist leis an togra sin iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le deimhniúchán níos cost-éifeachtaí, mar aon le deimhniúchán ar an gcibearshlándáil i réimsí eile TFC.

### Tuilleadh forbartha i dtaobh barr feabhais sa ghnó

Chomh maith leis sin, rinneamar obair mhór chun forbairt a dhéanamh ar chreidiúnú ISO 17029 (prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta do chomhlachtaí bailíochtaithe agus fíoraithe).

In 2024, tá sé beartaithe ag NSAI deimhniúchán creidiúnaithe a chur ar fáil i leith ISO 14064 (faireachán ar chainníochtú agus fíorú astaíochtaí gás ceaptha teasa) agus ISO 17029 chun bheith ina bhunchloch do sheirbhísí creidiúnaithe i réimsí eile a bhaineann le Freagracht Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (CSR).

Rinneamar dul chun cinn freisin le roinnt tionscnaimh fíoraithe in 2023, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí le Dlí-Chumann na hÉireann agus le Comhlachas Fiontar Pobail na hÉireann. Tá na scéimeanna sin bunaithe ar phrionsabail chaighdeáin ISO.

Tá FSSC 22000, ar scéim deimhniúcháin ISO-bhunaithe é do chórais bainistíochta sábháilteachta bia, aitheanta ar an leibhéal idirnáisiúnta agus tá sé tagarmharcáilte faoin Tionscnamh Domhanda um Shábháilteacht Bia. I mí Aibreáin 2023, baineadh garsprioc mhór amach nuair a dheimhnigh NSAI a 50ú gnólacht bia agus dí Éireannach i leith FSSC 22000.

### Múscailt feasachta i measc gnólachtaí

Ghlac NSAI páirt freisin i gcomhdhálacha náisiúnta, amhail Comhdháil Déantúsaíocht Leictreonaic Éireann agus an Chomhdháil Cyber Ireland.

Mar chuid den fheachtas feasachta Let's talk about information security, d'eagraíomar sraith seimineár gréasáin in 2023. Bhí siadsan dírithe ar an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon chun béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann le deimhniúchán, agus bhí comhairle le fáil ó ghnólachtaí atá bunaithe in Éirinn.



*Ina bhfocail féin…*

*Le deimhniúchán i leith FSSC 22000 trí NSAI, is féidir le Musgrave a mhórsprioc a bhaint amach maidir lena chinntiú go mbeidh muinín ag tomhaltóirí as sábháilteacht agus cáilíocht an bhia a cheannaíonn siad.*

**"Caithfidh sábháilteacht na gcustaiméirí a bheith i gcroílár gach gnólachta bia. I gcás gnólacht bia a fhaigheann deimhniú FSSC 22000, bainfidh sé tairbhe as, beag beann ar an gcuid den slabhra soláthair bia a mbíonn sé ag plé leis."**

*Ray Bowe, Musgrave Group [Cliant de chuid NSAI]*

# Deimhniúchán **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

## Achoimre ar 2023

**Deimhniúchán ar fheistí leighis**

**Eisíodh 27** deimhniú faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis (MDR), lena n-áirítear athruithe suntasacha ar fheistí a deimhníodh roimhe seo faoi MDR

**Ceadaíodh 15** athrú mhóra faoi MDR

**Eisíodh 1** tuairim amháindechuid comhlachta dá dtugtar fógra (NBOp)

**Rinneadh 2,935** lá iniúchta le haghaidh deimhniúcháin i leith feistí leighis (trí NSAI agus NSAI Inc)

## Deimhniúchán: Rannóg na bhFeistí Leighis

Is bunchloch de chuid gheilleagar na hÉireann í earnáil na bhfeistí leighis agus imríonn sí tionchar ar fud an domhain. Ag Éirinn, per capita, atá an líon is mó gairmithe feistí leighis fostaithe san Eoraip. In 2023, bhí oibríochtaí ar bun ag naoi gcinn de na 10 gcuideachta feistí leighis is mó ar domhan. Is é NSAI an t-aon chomhlacht Éireannach atá ainmnithe ina chomhlacht dá dtugtar fógra agus is maith an riocht ina bhfuil sé chun freastal ar phobal teicneolaíochta leighis na hÉireann.

### Comhlacht dá dtugtar fógra faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis

Achtaíodh Rialachán Feistí Leighis an Aontais Eorpaigh (MDR) in 2017, agus dírítear ann ar cheanglais sábháilteachta agus feidhmíochta, lena n-áirítear doiciméadú teicniúil breise agus ceanglais bhreise maidir le sonraí cliniciúla.

Fágann athruithe rialála a cuireadh i bhfeidhm le déanaí go bhfuil dúshlán le sárú ag na páirtithe leasmhara go léir san earnáil. Is lú an méid comhlachtaí dá dtugtar fógra san Eoraip a bhfuil ainmniúchán acu faoi MDR ná mar a bhíodh amhlaidh faoin na treoracha roimhe seo. Fuair NSAI ainmniúchán faoi Rialachán 2017/746 maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro (IVDR) in 2023, sna Sála ar an ainmniúchán faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis 2017/745 (MDR) a fuaireamar in 2020.

Chothaigh an creat rialúcháin nua dúshláin do chomhlachtaí dá dtugtar fógra, toisc nach mór dóibh acmhainní a bheith acu chun freastal ar an éileamh ar dheimhniúchán táirgí. Leanfaidh NSAI ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht do chliantchuideachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta trína chóras bainistíochta cáilíochta agus a phróisis chun táirgí a dheimhniú.

### Líon na bhfeistí leighis a cheadaítear


Ó fuaireamar ainmniúchán faoi MDR in 2020, tá feistí ceadaithe ag NSAI ar fud na n-aicmí riosca go léir, ó aicme I (steiriúil agus tomhas) go feistí ardchasta in aicme III, lena gcuimsítear substaintí íocshláinte.

In 2023, d'eisigh NSAI 27 deimhniú faoi MDR. Áiríodh leo sin feistí nua agus athruithe nach beag ar fheistí a deimhníodh roimhe seo. Ina theannta sin, ceadaíodh 15 athrú mhóra ar fheistis MDR, agus tuairim amháin de chuid comhlacht dá dtugtar fógra.

Sa ról atá againn mar chomhlacht dá dtugtar fógra, tá saineolaithe ardcháilithe ag obair linn, a bhfuil inniúlachtaí acu ar fud disciplíní lena n-áirítear:

- bith-chomhoiriúnacht
- bogearraí
- innealtóireacht
- steiriliú
- fíocháin de bhunús ainmhíoch
- substaintí cliniciúla agus míochaine
- disciplíní eile.

# Deimhniúchán **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**




## Deimhniúchán ar fheistí leighis

Thug NSAI tacaíocht do roinnt cuideachtaí Éireannacha lena ndeimhniúcháin le linn 2023. I measc na gcliant sin bhí:

- Cuideachtaí Éireannacha a bhain deimhniúchán tosaigh amach i leith EN ISO 13485.
  - **Chromatography & Life Sciences of Ireland Ltd** MD19.8588 cláraithe ar an 28 Samhain 2023, lonnaithe san Iarmhí.
  - **X-Bolt Orthopaedics** MD19.8579 cláraithe ar an 19 Meán Fómhair 2023, lonnaithe i mBaile Átha Cliath.
  - **Total Plastic Solution Ltd** MD19.8549 cláraithe ar an 28 Márta 2023, lonnaithe i Luimneach.
- deimhniúchán ar QMS i leith I.S. EN ISO 13485:2016 agus deimhniúchán CE ar fheistí leighis faoi MDR an Aontais Eorpaigh i gcás an chliaint Éireannaigh **Palliare**
- deimhniúchán CE ar fheistí leighis faoi MDR agus/nó deimhniúchán ar QMS lena n-áirítear cuideachtaí a bhfuil láithreacht shuntasach acu in Éirinn, amhail **Bausch+Lomb**, **Becton Dickinson** agus **Integer**.

Bíonn NSAI seasta ag infheistiú in oiliúint agus i bhforbairt ghairmiúil ár bhfoirne chun fanacht bord ar bord le hathruithe ar rialacháin.

Tá ról treorach ag ár mbaill foirne in earnáil na teicneolaíochta leighis agus tacaíonn siad go rialta le himeachtaí sa saol acadúil agus i réimse na tionsclaíochta, amhail:

- An Chomhdháil Eorpach Teicneolaíochta Leighis um Dhearbhú agus Rialú Cáilíochta – Fócas ar an bhfaireachas, Beirlín, Aibreán 2023
- Ceardlann do lucht MSc sa Teicneolaíocht Leighis, Gaillimh, Deireadh Fómhair 2023
- Comhdháil QServe – fócas ar IVDR, Amstardam, Deireadh Fómhair 2023
- An Chomhdháil Eorpach um Steiriliú Feistí Leighis (Iúil 2023) – Ionchais an Chomhlachta dá dTugtar Fógra: Ullmhacht a chinntiú maidir le hIniúchadh ar Steiriliú.

Fágann an t-ainmniúchán fairsing atá againn gur féidir linn tacaíocht a thabhairt do chliaint le feistí leighis ar fud raon iomlán na n-aicmí feistí. Tá NSAI in ann measúnuithe comhréireachta a sholáthar faoi MDR agus IVDR araon agus tá sé in ann deimhnithe ar an marc CE a dheonú i leith na scóipe atá doiciméadaithe ar bhunachar sonraí NANDO.

### An Rialachán maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro – IVDR

Fuair NSAI ainmniúchán faoi Rialachán 2017/746 maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro (IVDR) in 2023, chun measúnuithe comhréireachta a sholáthar faoi IVDR agus deimhnithe ar an marc CE a dheonú i leith na scóipe atá doiciméadaithe ar bhunachar sonraí NANDO.

Is leathnú nach beag é sin ar raon feidhme an mheasúnaithe chomhréireachta a soláthraíodh faoin rialachán a bhíodh i bhfeidhm roimhe sin. I gcomhréir leis an leathnú sin, tá ainmniúchán ag NSAI chun gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta a dhéanamh le haghaidh gach aicme feistí: Aicme A, Aicme B, Aicme C agus Aicme D.

Dá bharr sin, leanadh ar aghaidh ag cur leis an bhfoireann IVDR in 2023. Cuireadh próisis i bhfeidhm agus bhí iarrataí ghnó ar siúl i rith na bliana.

## Deimhniúchán: An Rannóg um Thacaíocht Mhargaidh agus Tacaíocht Rialála

### Deimhniúchán ar fheithiclí faoi láthair

Is é NSAI atá ceaptha ina údarás cineálcheadaithe d'Éirinn i ndáil le scéimeanna cineálcheadaithe an Aontais Eorpaigh agus UN-ECE araon. Tá NSAI ar cheann de 27 údarás ceadaithe san Eoraip.

**Deimhniúchán náisiúnta**
Nuair a dhéantar méid beag d'fheithiclí ar nós otharcharr, leoraithe cuisnithe, leoraithe stroighne agus leantóirí in Éirinn, ní mór tuilleadh tástála a dhéanamh orthu. Déantar sin lena chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais náisiúnta agus ceanglais an Aontais Eorpaigh sular féidir iad a chlárú le húsáid ar bhóithre na hÉireann.


# Deimhniúchán **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

Déantar na feithiclí sin a thástáil trí líonra d'Ionaid Tástála Ceadaithe in Éirinn, áit ar féidir le déantóirí Ceadú Feithicle Aonair nó Cineálcheadú Náisiúnta Sraitheanna Beaga a fháil.

**Deimhniúchán Eorpach**
Chun feithiclí a olltáirgeadh do mhargadh na hEorpa, ní mór do mhonaróir feithicle, córais fheithicligh nó comhpháirte feithicle iarratas ar cheadú a chur faoi bhráid údarás chineálcheadaithe Eorpach. Tá líonra seirbhísí ainmnithe ag NSAI san Eoraip, san Áise agus i Meiriceá Thuaidh a dhéanann tástáil do mhonaróirí.

Is é an marc ceadaithe d'Éirinn ná E24 i gcás UN-ECE agus e24 i gcás cheadú an Aontais Eorpaigh.

**Sampla de mharc ceadaithe UN-ECE**






*Ina bhfocail féin…*

*Through NSAI's Automotive Certification division, M-Tec Engineering in Cavan participated in the Approved Vehicle Body Builder (AVBB) scheme for its trailer manufacturing business.*

**"Leis an Scéim um Thógálaí Creatlaí Feithicle Ceadaithe, bhí bunús tábhachtach fáis ag an gcuideachta. D'fhág an creidiúnú sin go raibh dea-cháil orainn agus go bhféadfaimis cur leis na margaí, táirgí nua a chur amach agus borradh mór a bheith fúinn."**
*Therese Malanaphy, M-Tec Engineering [Cliant de chuid NSAI]*

## Achoimre ar 2023

**Tacaíocht mhargaidh agus tacaíocht rialála don earnáil mótarfheithiclí**

Eisíodh
**9,051**
ceadú mótarfheithicile

Eisíodh
**4,163**
ceadú AE/NA i leith feithiclí, córas agus comhpháirteanna

Eisíodh
**4,888**
ceadú náisiúnta, lenar cumhdaíodh ceaduithe feithicle aonair agus cineálcheaduithe náisiúnta sraitheanna beaga

### Teicneolaíochtaí na todhchaí i dtionscal na ngluaisteán

**An chibearshlándáil**
Anois agus feithiclí ag éirí níos cliste agus níos nasctha trí chumarsáid 5G agus cumarsáid idir feithiclí (V2V), cuireann cibearionsaithe tiománaithe, paisinéirí agus úsáideoirí eile bóithre i mbaol.

Chun an baol sin a mhaolú, tugadh isteach UN-ECE R155 agus R156. Faoi UN-ECE R155, breathnaítear ar chórais bainistíochta cibearshlándála na monaróirí agus faoi R156 breathnaítear ar nuashonruithe ar bhogearraí feithicle agus ar chórais bainistíochta i gcomhair nuashonraithe ar bhogearraí. D'eisigh NSAI a chéad cheadú faoi UNECE R155 agus R156 in 2023. Toisc go bhfuil an teicneolaíocht ag teacht chun cinn go tapa, meastar go mbeidh borradh faoin réimse sin san obair a dhéanann NSAI i ndáil le cineálcheadú.

# Deimhniúchán **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

**Feithiclí uathrialacha, feithiclí uathoibrithe, feithiclí nasctha agus feithiclí comhoibríocha**
De réir mar a thagann an intleacht shaorga (IS) chun cinn, is mó is féidir brath ar chumas feithiclí cinntí casta a dhéanamh go tapa.

Ionas go mbeidh monaróirí in ann na teicneolaíochtaí nua sin a fhorbairt agus an pobal á gcosaint acu an tráth céanna, tháinig an Rialachán nua maidir le Sábháilteacht Ginearálta Táirgí (GSR) i bhfeidhm in 2022. Leis an Rialachán sin, tugtar isteach raon ardchóras cúntóirí éigeantacha don tiománaí chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, agus bunaítear leis creat dlíthiúil chun feithiclí uathoibrithe agus cinn gan tiománaí a cheadú san Aontas Eorpach.

Dheonaigh NSAI roinnt ceaduithe do mhonaróirí i leith an rialacháin nua sin agus táimid páirteach i gcur chuige ilghníomhaireachta chun creat a fhorbairt i dtaobh feithiclí féintiomána a thástáil ar bhóithre na hÉireann.

## Astaíochtaí ó fheithiclí

In 2023, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach maidir le rialacha nua chun astaíochtaí ón iompar de bhóthar a laghdú i gcás gluaisteáin paisinéirí, veaineanna, busanna, leoraithe agus leantóirí.

Tabharfar Euro 7 ar an rialachán nua sin, faoina dtabharfar isteach caighdeáin níos déine i dtaobh astaíochtaí truailleán aeir ó fheithiclí a bhfuil inneall dócháin iontu, beag beann ar an mbreosla a úsáidtear. Rachfar i ngleic freisin le hastaíochtaí nach ón sceithphíopa iad, micreaphlaisteacha ó bhoinn agus cáithníní ó choscáin. Beidh feidhm ag an rialachán sin ó 2030 ar aghaidh i leith gluaisteán agus veaineanna, agus ó 2031 ar aghaidh i leith busanna agus leoraithe.

Tá NSAI ar cheann de thart ar 9 gcinn d'údaráis cheadúnaithe san Aontas Eorpach maidir le hastaíochtaí, rud ar réimse an-speisialaithe é. Dheonaigh NSAI ceadanna i leith feithiclí hibrideacha, feithiclí leictreacha agus feithiclí a bhfuil innill dócháin iontu le blianta beaga anuas agus réiteoidh Euro 7 an bealach d'fheithiclí 'níos glaine' go luath amach anseo.

## Deimhniúchán: NSAI Certification UK Ltd

Ba in 2021 a bunaíodh NSAI Certification UK Ltd toisc gur bheartaigh an Ríocht Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach, agus is é a chumasaíonn an trádáil idir cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí de chuid na Ríochta Aontaithe.

Fochuideachta atá faoi lánúinéireacht ag NSAI is ea é, a thacaíonn le hearnáil foirgníochta agus earnáil mhéadreolaíochta na hÉireann trí dheimhniúchán a thabhairt faoi rialacháin éagsúla de chuid na Ríochta Aontaithe chun na táirgí sin a chur ar an margadh sa tír sin. Leis sin, cinntítear gur féidir le cuideachtaí Éireannacha leanúint ar aghaidh ag trádáil sa Ríocht Aontaithe sin tar éis an Bhreatimeachta.

Bhronn Seirbhís Creidiúnaithe na Ríochta Aontaithe (UKAS) creidiúnú ar NSAI Certification UK Ltd go luath in 2023. Fágann sé sin gur féidir le honnmhaireoirí Éireannacha marcáil UKCA a bhaint amach anois trí NSAI i leith táirgí foirgníochta agus iad a chur ar an margadh i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag.

Ina theannta sin, d'éirigh le NSAI Certification UK Ltd sa réamh-mheasúnú a rinne UKAS i ndáil le creidiúnú i leith ISO 13485 chun marcáil UKCA a chur ar fáil do mhonaróirí feistí leighis na hÉireann.

## Deimhniúchán: NSAI Inc

Is fochuideachta faoi lánúinéireacht ag NSAI é NSAI Inc, agus cuireann sé raon leathan seirbhísí creidiúnaithe um dheimhniúchán ar chórais bainistíochta agus feistí leighis ar fáil i níos mó ná 30 tír. Tá sé ina phríomhchuspóir straitéiseach aige a chur ar a gcumas do chuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí idirnáisiúnta rochtain a bheith acu ar scéimeanna deimhniúcháin i margaí na hÉireann, na hEorpa agus na Stát Aontaithe.

Tá NSAI Inc creidiúnaithe ag ANAB (An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú ANSI) maidir le seirbhísí éagsúla deimhniúcháin a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do lucht tionsclaíochta na hÉireann. Áirítear leis na seirbhísí sin:

- ISO 9001 – Córais Bainistíochta Cáilíochta
- ISO 45001 – Córais Bhainistíochta um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde
- ISO 14001 – Bainistíocht Comhshaoil
- ISO50001 – Bainistíocht Fuinnimh
- R2 – Athchúrsáil Fhreagrach (Leictreonaic)
- ISO 27001 – Bainistíocht Slándála i réimse na Faisnéise
- AS9100/9120 – Córais Bainistíochta Aeraspáis
- TL 9000 – Córais Bainistíochta Teileachumarsáide.

In 2023, thosaigh NSAI Inc ag pleanáil chun a phunann seirbhísí deimhniúcháin a leathnú go dtí na réimsí seo:


1. ISO 22301 Leanúnachas Gnó, an caighdeán idirnáisiúnta ina leagtar amach na ceanglais riachtanacha chun córas láidir bainistíochta a bhunú, a chosnaíonn do ghnó in aghaidh aon chur isteach agus a éascaíonn téarnamh tapa.
2. ISO 20000 Córais Bainistíochta Seirbhíse Teicneolaíochta Faisnéise (ITSMS), lena ndéantar doiciméadú ar an gcaoi ar féidir le pleanáil, dearadh, aistriú, feidhmiú agus feabhsú seirbhísí riachtanais seirbhíse a chomhlíonadh agus luach a chur ar fáil.

Feidhmíonn NSAI Inc freisin mar shuíomh ríthábhachtach le haghaidh SCC (Standards Council of Canada) i leith ISO 13485 and MDSAP (an Clár um Iniúchadh Aonair ar Fheistí Leighis). Faoi MDSAP, féadfar iniúchadh rialála aonair a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta cáilíochta atá ag monaróir feistí leighis chun na ceanglais atá ag dlínsí rialála éagsúla a chomhlíonadh.

Tá eagraíochtaí iniúchóireachta, ar nós NSAI Inc, údaraithe ag údaráis rialála rannpháirteacha chun iniúchadh a dhéanamh faoi cheanglais MDSAP. Ar an gcaoi sin, is féidir monaróirí feistí leighis a iniúchadh aon uair amháin i leith comhlíonadh san Astráil, sa Bhrasaíl, i gCeanada, sa tSeapáin agus sna Stáit Aontaithe.

- Clár NSAI um Iniúchadh Aonair ar Fheistí Leighis (MDSAP)
- Seirbhísí um Marcáil CE de chuid Comhlachta dá dTugtar Fógra
- Creidiúnú seirbhísí i leith ISO 13485 Córais Bhainistíochta.



## *Ina bhfocail féin…*

*Tá an deimhniúchán 'R2 Athchúrsáil Freagrach' agus deimhniúchán i leith chaighdeáin ISO trí NSAI Inc fíor-luachmhar do Wisetek, go háirithe ó thaobh a chruthú go bhfuil sé tiomanta don athchúrsáil inbhuanaithe.*

**"Bíonn imní ar a lán cuideachtaí go bhféadfadh a gcuid leictreonaic agus gléasanna úsáidte dul isteach i líonadh talún thar lear, agus is rud é sin a tharlaíonn. Leis an deimhniú R2, mar aon le caighdeáin eile, is féidir lenár gcustaiméirí muinín a bheith acu go ndéanfar an rud ceart."**

*Chris O'Neill, Wisetek [cliant de chuid NSAI Inc/NSAI]*

# An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

Is í an mhéadreolaíocht réimse eolaíochta an tomhais. Ós rud é gurb í an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) institiúid méadreolaíochta náisiúnta na hÉireann, is í caomhnóir an tomhais in Éirinn í.



*Ina bhfocail féin…*

*Soláthraíonn Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI seirbhísí ríthábhachtacha calabrúcháin agus saineolas teicniúil do Medical Supply Co, rud a chabhraíonn le sábháilteacht othar a áirithiú dá chliaint.*

**"Tá a fhios againn go bhfuil an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta ag cloí le caighdeáin idirnáisiúnta agus mar sin tá lánmhuinín againn as an obair a dhéanann sí. Bhaineamar tairbhe san iomaí bealach as an eolas agus an saineolas atá aici."**
*Tom Holmes, Medical Supply Company [Cliant de chuid NSAI]*

Tá caighdeáin tomhais atá cruinn, iontaofa agus comhsheasmhach ag teastáil i réimsí eolaíochta, tráchtála, rialtais, oideachais agus dlí. Ní mór na caighdeáin sin a bheith inrianaithe i leith Chórais Idirnáisiúnta na nAonad (IR), an córas tomhais a nglactar leis ar domhan.

Sa mhéadreolaíocht, is éard is caighdeán tomhais ann ná réad, córas, uirlis nó déantúsán a bhfuil gaol sainithe aige le haonad tomhais cainníochta fisicí.

Úsáidtear an caighdeán tomhais chun aonad a shainiú, mar shampla:

- cad is cileagram ann?
- cé chomh fada atá méadar?
- cén fad ama atá i soicind?

Tá caighdeán comhaontaithe tomhais i ndáil le haonad ar leith riachtanach chun:

- tacú le toisí beachta sa tionscal
- idirbhearta córa a chinntiú don phobal
- bonn a chur faoi dhiagnóis agus cóireáil atá comhsheasmhach, cruinn i réimse na sláinte.

Is cuid den phríomhfhreagracht atá ar NML é caighdeáin náisiúnta a bhunú, a choinneáil cothrom le dáta agus a fhorbairt i leith aonaid fhisiceacha, chomh maith leis na caighdeáin sin a scaipeadh ar úsáideoirí Éireannacha, go háirithe iad siúd sa tionscal déantúsaíochta agus sa tionscal cógaisíochta.



# NML **Sracfhéachaint ar 2023**

## Achoimre ar 2023

**An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta**

Coinníodh cothrom le dáta
**14**
chaighdeán náisiúnta tomhais

Eisíodh
**5,200**
deimhniú calabraithe chuig 420 cuideachta

Rinne eolaithe tomhais
**515**
lá taighde

Scríobhadh
**2**
pháipéar taighde eolaíochta i gcomhar le húdair eile

Cuireadh
**20**
cúrsa oiliúna ar fáil, ar fhreastail 74 eagraíocht orthu

Bhíothas rannpháirteach in
**5**
thionscadal taighde de chuid Chomhpháirtíocht Méadreolaíochta na hEorpa


### An fáth a dteastaíonn eolaíocht an tomhais uainn

Tá eolaíocht an tomhais riachtanach chun tráchtáil a éascú, chun nuálaíocht a chothú, agus chun féachaint chuige go gcosnófar saoránaigh. Tá ról ríthábhachtach aici maidir lena chinntiú go bhfuil an geilleagar faoi bhláth i dtimpeallacht atá slán sábháilte, agus tacú an tráth céanna le riachtanais theicniúla tomhais i ndáil le nithe is cúis imní ar an leibhéal domhanda, amhail an t-athrú aeráide.


Is iad caighdeáin tomhais NML na léirithe is cruinne ar aonaid SI atá ar fáil in Éirinn. Feidhmíonn siad mar dhroichead idir torthaí tomhais agus aonaid IR i ndáil le cainníochtaí fisiceacha amhail:

- mais
- teocht
- brú
- friotaíocht
- brú
- casmhóimint
- eatraimh ama
- fad
- taise
- voltas
- toilleas
- fórsa
- minicíocht
- leibhéil fuaime.

De réir ISO 17025, scaipeann NML na caighdeáin tomhais sin trí raon cuimsitheach seirbhísí calabrúcháin. Ina theannta sin, soláthraíonn NML seirbhísí amhail oiliúint, tástáil oilteachta, agus sainchomhairleoireacht. Déanann sé taighde comhoibríoch freisin i réimse na méadreolaíochta.



# NML **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**



## Seoladh an chéad Ghreille Uainiúcháin Náisiúnta de chuid na hÉireann

Thosaigh Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI ag obair ar thionscadal le HEANET (Líonra Náisiúnta Oideachais agus Taighde na hÉireann) agus le roinnt soláthróirí chun imscrúdú a dhéanamh ar scaipeadh chaighdeán ama NSAI agus féachaint an bhféadfaí líonra dáileacháin ama a bhunú in Éirinn.

Toisc gur féidir linn Am Comhordaithe Uilíoch, ar a dtugtar 'UTC (NSAI),' a sholáthar ar an idirlíon, chuaigh NML i gcomhpháirtíocht le Timing Solutions Ltd agus Data Edge Ltd chun Greille Uainiúcháin na hÉireann a chur ar bun. Seoladh an tionscadal sin go hoifigiúil i Ráithe 2 2023 agus cuireadh i láthair é ag Comhdháil an Fhóraim Idirnáisiúnta um Uainiú agus Sioncrónú i Ráithe 3 2023.

Ina theannta sin, shínigh NML meabhrán tuisceana le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (cuid den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Faoin meabhrán tuisceana sin, bunóidh NML córas uainiúcháin, cosúil le córas UTC (NSAI), chun tacú le rolladh amach 5G ar fud líonraí san earnáil phoiblí.

### Rannpháirtíocht NML sa taighde

Tá an taighde fós ina chuid lárnach den obair a dhéanann NML. Ghlacamar páirt i roinnt tionscadal taighde le cistiú ón Aontas Eorpach le linn 2023, lena n-áirítear:

- RealMass, a bhfuil sé ina aidhm leis réadú an ollscála a fheabhsú agus bogearraí a fhorbairt chun an cileagram náisiúnta a scaipeadh
- TRaMM, tionscadal chun cur leis an acmhainneacht i dtaobh toisí maighnéadacha inrianaithe a dhéanamh, i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Dhá thionscadal taighde eile a bunaíodh in 2023
    - True8DIGIT: Obair chun fíor-dhigiteoir 8 ndigit a sholáthar. Tá NML ag comhordú agus ag bainistiú an tionscadail taighde seo a bheidh ar siúl ar feadh trí bliana.
    - RFMIcrowave2: Acmhainneacht méadreolaíochta RF agus micreathonn a fhorbairt.

Is é 'éiginnteacht tomhais' an paraiméadar a úsáidtear i gcónaí chun cáilíocht toraidh tomhais a léiriú. Tá ról lárnach ag an gcoincheap sin i ngach gníomhaíocht tomhais. Is comhpháirtí gníomhach é NML sa tionscadal um Oiliúint maidir le hÉiginnteacht Tomhais atá á reáchtáil ag Mathmet, Líonra Méadreolaíochta na hEorpa don Mhatamaitic agus don Staidreamh.

Leis an ngníomhaíocht sin, féachtar le feabhas a chur ar cháilíocht, éifeachtúlacht agus scaipeadh na hoiliúna maidir le héiginnteacht tomhais, agus tá cuibhreannas leathan ina bun.



### Forbairt acmhainneachta a éascú i measc saotharlanna Eorpacha

Is comhalta gníomhach é NSAI den líonra méadreolaíochta Eorpach, EURAMET. Ceann de phríomhchuspóirí an líonra is ea tacú le forbairt na n-institiúidí náisiúnta méadreolaíochta atá ina gcomhaltaí de (NMInna). Is é NSAI tionólaí na Meithle um Fhorbairt Acmhainneachta, a bhfuil breis is 20 NMI de chuid na hEorpa páirteach inti.

# NML **Léargas ar ghníomhaíochtaí 2023**

## For-rochtain agus oideachas

Tá ról ríthábhachtach ag NML maidir le tacú leis an tomhas agus le dea-chleachtais tomhais. Trína gníomhaíochtaí for-rochtana agus oideachais, bíonn an tsaotharlann ag dul i gcomhairle le go leor grúpaí páirtithe leasmhara. Áiríodh ar ár ngníomhaíocht for-rochtana agus oideachais in 2023:

**Cúrsaí oiliúna**
In 2023, reáchtáil NML 20 cúrsa oiliúna, rud a chuaigh chun sochair breis agus 100 rannpháirtí ó 74 eagraíocht éagsúil. Leis na cúrsaí sin, múineadh eolas agus scileanna luachmhara i réimse na méadreolaíochta, rud a chuidigh le cleachtais chruinne tomhais a chur chun cinn.

**Mic léinn INTRA ó DCU a óstáil**
D'óstáil NML bheirt mhac léinn INTRA ó DCU le linn a socrúcháin samhraidh. Fuair na mic léinn sin an deis taithí phraiticiúil luachmhar a fhál trí thabhairt faoi obair chalabrúcháin agus tionscadail eolaíochta sa tsaotharlann. Tá duine de na mic léinn ag tabhairt faoi thionscadal taighde in NML freisin.

**Scoláirí idirbhliana a óstáil**
Chuireamar socrúcháin ar fáil do scoláirí idirbhliana, rud a thug taithí phraiticiúil dóibh ar an obair agus ar thionscadail eolaíochta. Bhí an tionscnamh sin dírithe ar dhaoine óga a spreagadh agus tuiscint a chothú ar an tábhacht a bhaineann le toisí cruinne.

**Cabhrú le saotharlanna tástála agus calabrúcháin**
Thacaíomar le saotharlanna tástála agus calabrúcháin trína n-inniúlachtaí agus a n-acmhainneacht chalabrúcháin/tástála a bhailíochtú trí mheán scéim tástála inniúlachta. In 2023, rinne an tsaotharlann 22 tástáil inniúlachta do 17 chuideachta, rud a chinntigh beachtas agus iontaofacht a gcleachtais tomhais.

**Comhoibriú le hollscoileanna**
Chomhoibrigh NML go gníomhach le hOllscoil Theicneolaíoch na Mumhan agus le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is éard a bhí i gceist leis sin ná léachtaí a thabhairt do mhic léinn na fisice, agus topaicí agus maoirseacht a chur ar fáil do thionscadail na mac léinn ceathrú bliana. Trí dhul i gcomhairle leis an bpobal acadúil, cabhraíonn an tsaotharlann le hoideachas méadreolaíochta a chur chun cinn agus cothaítear cultúr de chleachtais chruinne tomhais.

**Deimhniúchán i leith MyGreenLabs**
Bhain NML deimhniúchán amach i leith MyGreenLabs i mí na Samhna 2023. Ba mhór an t-éacht é sin agus léirigh sé a mheáite atá NML dá lorg carbóin a laghdú agus úsáid dramhaíola agus fuinnimh a laghdú.



# Méadreolaíocht Dlí

Is ionann an mhéadreolaíocht dlí agus cur i bhfeidhm na gceanglas dlí maidir le toisí agus uirlisí tomhais.

## Méadreolaíocht Dlí **Sracfhéachaint ar 2023**

### Achoimre ar 2023

**Legal Metrology Service**

Rinneadh cigireacht ar
**24,607**
uirlis trádála

Tugadh cuairt ar
**6,770**
áitreabh ar fud na hÉireann

Eisíodh
**101**
fógra rabhaidh in aghaidh gach 1,000 cigireacht

Rinne fíoraitheoirí údaraithe NSAI scrúdú ar
**28,445**
uirlis a bhíonn in úsáid ag gnólachtaí, chun a chinntiú go raibh na caighdeáin á gcomhlíonadh acu

Is furasta a ligean i ndearmad gur gné mhór dár saol laethúil iad na toisí. Is minic a dhéanann tomhaltóirí idirbhearta ar cinn iad nach mór a thomhas go cruinn ionas go mbeidh a fhios againn go bhfaighimid an rud a íocaimid as. Mar shampla, ní mór dúinn a thomhas:

- cé mhéad peitril nó díosail a chuirimid isteach inár gcarranna
- an fad achair a clúdaíodh agus fad ama an aistir chun ár dtáillí tacsaí a ríomh
- meáchan agus toirt earraí réamhphacáistithe a dhíoltar le tomhaltóirí.

Lean foireann na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí in NSAI ar aghaidh ag gabháil d'fheidhmeanna rialála i rith 2023, faoi reachtaíocht mhéadreolaíochta, lena n-áirítear na hAchtanna Méadreolaíochta, 1980 go 2017.

Táimidne freagrach as seasamh le cruinneas agus trédhearcacht i mbearta trádála agus as an gcruinneas agus an trédhearcacht sin a fhorfheidhmiú. Bainimid an méid sin amach trí chigireacht agus deimhniúchán a dhéanamh ar thoisí agus trealamh tomhais a úsáidtear le haghaidh trádála.

Sa ról atá againn mar chomhlacht dá dtugtar fógra, tá NSAI creidiúnaithe faoi ISO 17020 chun measúnú comhréireachta na céime deiridh (Modúl F) a dhéanamh ar na huirlisí seo a leanas:

- dáileoirí breosla leachtaigh
- meánna neamh-uathoibríocha
- méadair ola ar leoraithe
- meánna dramhaíola ar leoraithe
- droichid mheáite
- córais méadraithe bainne.

Is é WELMEC an eagraíocht ionadaíoch d'údaráis náisiúnta méadreolaíochta dlí san Eoraip. Déanann sé cleachtais na méadreolaíochta dlí a chomhchuibhiú agus cuireann sé a n-úsáid éifeachtach chun cinn. Is comhalta de chuid WELMEC é NSAI agus d'fhreastail sé ar roinnt cruinnithe meithle Eorpacha le linn 2023.

I measc na gclár cigireachta spriocdhírithe in 2023 bhí:

- iascach
- aerfoirt
- margaí
- áitribh cheadúnaithe
- monarchana feola.

De bharr feabhsuithe sa réimse TF in 2023, tá feabhas curtha ar ár bhfeidhm sceidealaithe don chigireacht chun tacú leis an gcur chuige riosca-bhunaithe atá ag NSAI i leith cigireachtaí.






## *Ina bhfocail féin…*

*Toisc gur Fíoraitheoir Údaraithe é i leith méadair bhainne ar leoraithe, tá ról ríthábhachtach ag Hickey Metering sa tseirbhís fíoraithe agus comhlíonta a sholáthraíonn feidhm Méadreolaíochta Dlí NSAI.*

**“Feictear go mbímid ag obair ar mhéadreolaíocht dlí do NSAI, agus mar sin go gcaithfidh sé go mbíonn ardchaighdeán i bhfeidhm againn. Cuireann sé sin go mór leis an seasamh atá againn sa tionscal.”**

*Conor Hickey, Hickey Metering [Fíoraitheoir arna údarú ag NSAI]*

# **Rialachas Comhshaoil agus Sóisialta:** Saol inbhuanaithe a chothú

Tá NSAI meáite ar bheith ina eagraíocht fhreagrach agus rannchuidiú le hinbhuanaitheacht comhshaoil, le freagracht shóisialta agus le dea-rialachas.

### Plean Straitéiseach NSAI 2022-2026 agus an inbhuanaitheacht

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach NSAI ár dtiomantas i dtaobh rannchuidiú le príomhbheartais náisiúnta, amhail an beartas um ghníomhú ar son na haeráide, agus ról ceannaireachta a ghlacadh ina leith. Tugann NSAI tacaíocht ríthábhachtach don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach i ndáil le spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

Is rannpháirtí lárnach é i dtaobh dhúshlán an athraithe aeráide. Tá seirbhísí NSAI ríthábhachtach chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil amhail an t-athrú aeráide.

Sa Phlean Straitéiseach, dírítear ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht faoi Sprioc 2, ina leagtar amach tiomantas NSAI do línte seirbhíse nua a bhunú ar bhealach nuálach chun glacadh le hathrú.

Leagtar amach i dTionscadal Straitéiseach 3, Gníomh agus Inbhuanaitheacht, tiomantas NSAI don mhéid seo a leanas:

- ár seirbhísí a struchtúrú chun tacú leis an Aistriú Glas
- bonneagar a sholáthar chun tacú leis an aistriú sin
- NSAI a bheith ina eagraíocht eiseamláireach i ndáil le spriocanna comhshaoil inmheánacha.

### I dtreo spriocanna dícharbónaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh na bliana 2030

Tá NSAI tiomanta don inbhuanaitheacht agus do thacú le beartas an rialtais chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% agus ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50%, faoi 2030.

### Aerthaisteal oifigiúil NSAI agus astaíochtaí carbóin gaolmhara

I bhfianaise na ngnéithe idirnáisiúnta den ról atá againn i ndáil le tacú le gnó na hÉireann, caithfidh NSAI leas a bhaint as aerthaisteal chun cuid dá chúraimí a chomhlíonadh ar fud an domhain.

Baineann NSAI leas as cruinnithe agus iniúchtaí hibrideacha nuair is féidir é chun a lorg aerthaistil a laghdú agus a ról idirnáisiúnta á chomhlíonadh aige. Ó bhí 2020 ann, rinne NSAI ár n-astaíochtaí ón aerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh gach bliain trí cháin charbóin a íoc le ciste reachtúil, an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Déanann NSAI na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le haerthaisteal a thaifeadadh, agus déanann sé faireachán orthu agus a luach a rianú, de réir fhorálacha Imlitir 01/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Eanáir 2020.

Ina theannta sin, déanann NSAI íocaíocht le bainisteoir cistí an Chiste reachtúil um Ghníomhú Aeráide i leith astaíochtaí na bliana roimhe sin:

Don bhliain 2023, ba é €2,490.09 (ardú ó €51.79 in 2021) dliteanas astaíochtaí carbóin deiridh bliana NSAI i ndáil le haerthaisteal oifigiúil. Ba é sin an chéad bhliain féilire iomlán gan srianta COVID-19 a bheith ar thaisteal agus cruinnithe san fhíorshaol.

**Aerthaisteal oifigiúil agus astaíochtaí carbóin NSAI**

| Bliain | Km | Tonna $CO_2$ (Slánaithe) | Íocaíocht leis an gCiste um Ghníomhú Aeráide |
|---|---|---|---|
| 2023 | 514,817 | 51342 | €2,490.09 |
| 2022 | 220,738 | 28566 | €1,171.21 |
| 2021 | – | – | €51.79 |
| 2020 | – | – | €456.90 |

### An tIonad Barr Feabhais um Ghníomhú Aeráide agus um Inbhuanaitheacht

Bunaíodh an chéad cheann d’ionaid barr feabhais NSAI faoina Phlean Straitéiseach i lár 2023, agus ceapadh na chéad daoine chun bheith i gceannas ar fhorbairt an Ionaid Barr Feabhais um Ghníomhú Aeráide agus um Inbhuanaitheacht. Is é an ról atá ag an Ionad sin ná an gníomhú ar son na haeráide a leabú agus a chur chun cinn ar fud gach stiúrthóireachta gnó san eagraíocht, agus tacú le lucht gnó agus fiontair in Éirinn ar an aistear chun bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí de.

## An chéad Treochlár um Ghníomhú Aeráide de chuid NSAI

D'fhorbair NSAI a chéad Treochlár um Ghníomhú Aeráide, faoi stiúir an Ionaid Barr Feabhais um Ghníomhú Aeráide agus um Inbhuanaitheacht, in 2023.

Athdhearbhaítear sa treochlár sin ár dtiomantas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. In 2023, chuir NSAI tús le próiseas chun díriú ar roinnt spriocanna tosaíochta as a measc siúd, agus muid ag tacú leo go léir.

## Inbhuanaitheacht sa chaoi a ndéanaimid gnó

Chríochnaigh NSAI ag suiteáil agus ag coimisiúnú painéil ghréine (PV) don fhuinneamh in-athnuaite in 2023 – na chéad phainéil ghréine dár gcuid, inár nOifig Réigiúnach i Luimneach – agus cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair i gcomhair painéil gréine in Oifig Réigiúnach na Gaillimhe in 2023 freisin.

Is í an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) is mó a ídíonn fuinneamh in NSAI. Roimhe seo, suiteáladh coirí níos nua-aimseartha agus níos éifeachtúla in ionad seanchoirí, rud a chuir feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh, agus tosaíodh in 2023 ar chóras fuaraithe nua a shuiteáil. Táimid ag súil go laghdófar an méid fuinnimh a ídíonn NML arís eile nuair a bheidh an córas nua sin ag feidhmiú.

In 2023 freisin, fuair NML creidiúnú My Green Lab, atá bailí go dtí 2025.

Bhain SEAI leas as an méid a bhí déanta ag NSAI faoi fheachtas éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí, 'Úsáid Níos Lú, i ngeimhreadh na bliana 2022/23, i mionchás staidéir a foilsíodh ar a shuíomh gréasáin. Tá an feachtas Úsáid Níos Lú á reáchtáil ag NSAI arís i ngeimhreadh na bliana 2023/24 chun tacú le feachtas éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí.

## Mar a thacaímid le gnólachtaí agus le feidhmiú bheartas an rialtais maidir le hinbhuanaitheacht

I mí an Mheithimh 2023, sheol NSAI bailiúchán nua de mholtaí caighdeánacha maidir le córais téimh a shuiteáil sa teach, ar a dtugtar an Bailiúchán Iarfheistithe. Áiríodh orthu sin treoirlínte soiléire maidir le:

- córais teaschaidéil
- micrea-ghineadóirí gréine PV
- gnáthchórais téimh
- córais theirmeacha ghréine.

Tá an bailiúchán sin dírithe ar ghairmithe san earnáil a threorú agus iad ag obair chun uasghrádú ardchaighdeáin a dhéanamh ar fhoirgnimh, ar bhealach inbhuanaithe, éifeachtúil. Meastar gur mór an cúnamh a bheidh sna caighdeáin sin maidir le príomhspriocanna an rialtais a bhaint amach san earnáil foirgníochta.

Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Hidrigine, a foilsíodh i Meitheamh 2023, an fhís straitéiseach maidir leis an ról a bheidh ag hidrigin i gcóras fuinnimh na hÉireann. Chuir NSAI tuairimí tábhachtacha ar fáil maidir lena fhorbairt.

## For-rochtain agus rannpháirtíocht

Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht idir Caighdeáin NSAI agus an tIonad Barr Feabhais um Ghníomhú Aeráide agus um Inbhuanaitheacht, eagraíodh babhtaí for-rochtana agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara ar fud an mhórshlabhra luacha i réimse an bithgháis agus an díleá anaeróbaigh.

Áiríodh leis sin rannpháirtíocht i bhforbairt na Straitéise Náisiúnta Bithmheatáin, agus é i gceist béim a leagan ar an ról tábhachtach a bhíonn ag caighdeáin san earnáil sin atá ag teacht chun cinn in Éirinn. Táthar ag súil go dtiocfaidh forbairt mhór ar an margadh de bharr na straitéise sin agus Éire ag triail a córas fuinnimh a dhícharbónú.

Ina theannta sin, chuidigh NSAI le forbairt plean náisiúnta, an Phlean Gníomhaíochta Bithgheilleagair 2024-2027, agus tá baint dhíreach aige le ceithre ghníomh. Áirítear leis sin ról an chaighdeánaithe a chur chun cinn agus tacú leis an aistriú ó thaighde go táirgeadh tionsclaíoch i gcás táirgí bithbhunaithe ard-bhreisluacha.



# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán, 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Soláthraíonn NSAI seirbhísí méadreolaíochta, caighdeánaithe agus measúnaithe comhréireachta de réir na bhfeidhmeanna a leagtar síos sna príomh-Achtanna seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980
- An tAcht um Méadreolaíocht Dlí (Uirlisí Tomhais), 2017.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é NSAI a fheidhmíonn faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tá an chumhacht ag an té sin chun cistí a chur ar fáil do NSAI lena chur ar a chumas dó a chuid dualgas a chomhlíonadh; chun treoracha beartais ghinearálta a eisiúint; agus chun faisnéis a lorg faoi ghníomhaíochtaí NSAI.

## Rialachas

Tá an Bord cuntasach don Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá freagrach as Gnó, Fostaíocht agus Miondíol agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú. Comhlíonann an Bord an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar phríomhcheisteanna gnó.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as bainistiú agus rialú laethúil a dhéanamh ar NSAI.

Cuireann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta i bhfeidhm an treo straitéiseach ginearálta arna cheadú ag an mBord, agus féachann siad chuige go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina nasc díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta.

Feidhmíonn an tÚdarás de réir threoirlínte an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (an Cód) agus de réir nuashonruithe air, arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Struchtúr an Bhoird

De réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, is é an tAire a cheapann na comhaltaí as a measc siúd a bhfuil leas acu sa phróiseas um thráchtearraí, próisis agus cleachtais a chaighdeánú agus a dheimhniú, gan aon leas ar leith a bheith i réim.

Trí chomhalta dhéag atá ar an mBord: cathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus 11 chomhalta, arna gceapadh ag an Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá freagrach as Trádáil, Fostaíocht, agus Miondíol. Is comhalta de bhrí oifige í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar feadh théarma a conartha.

Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar bhonn bliantúil, nuair a chuireann an triúr comhaltaí is faide seirbhíse iad féin i láthair chun dul ar scor ón mBord cothrom an lae a bunaíodh NSAI.

## Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach ról agus freagrachtaí an Bhoird i Lámhleabhar Rialachais NSAI, ina sonraítear freisin na nithe a leagtar síos ina leith nach mór don Bhord iad a chinneadh.

I measc na míreanna atá ar chlár oibre an Bhoird tá:

- dearbhú leasanna
- maoirseacht agus treoir straitéiseach
- bainistíocht agus tuairisciú airgeadais
- Príomhtháscairí Feidhmíochta
- bainistíocht riosca
- rialachas corparáideach
- tuarascálacha ó na fochoistí, agus
- nithe atá forchoimeádta don Bhord.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Údaráis lena n-áirítear na fochuideachtaí atá ar lánúinéireacht aige, NSAI Inc agus NSAI Certification UK Ltd.

Ceanglaítear in alt 8(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 go gcoimeádfaidh NSAI, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé agus go gcoimeádfaidh sé san fhoirm sin na cuntais speisialta go léir a ordóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ó am go ham.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór do NSAI na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh NSAI de bheith ag feidhmiú.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais NSAI léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NSAI amhail an 31 Nollaig 2023.

Tá an Bord freagrach freisin as:

- sócmhainní a chosaint agus bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath
- an plean straitéiseach agus na buiséid bhliantúla a cheadú.
- feidhmíocht NSAI a mheas, trí thagairt a dhéanamh do thuairisciú ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus trí thuarascálacha bainistíochta airgeadais a chur faoi bhráid an Bhoird.

Thionól an Bord sé chruinniú in 2023. Tá sceideal an tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus na gcoistí in 2023 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a íocadh le gach comhalta i rith na bliana.

### Táillí agus speansais na gComhaltaí Boird

Íoctar táillí leis na Comhaltaí Boird de réir an Bharántais Ceapacháin. Déantar na speansais a phróiseáil ag na rátaí agus faoi réir na rialachán is iomchuí i gcás státseirbhísigh den ghrád is airde.

### Éifeachtacht an Bhoird agus meastóireacht air

Thug an Bord faoi Athbhreithniú Inmheánach ar Éifeachtúlacht an Bhoird i mí Eanáir 2023 agus rinne an Bord é a athbhreithniú agus a ghlacadh i mí Feabhra 2023.

## Coistí an Bhoird

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord. Tá sonraí maidir le comhaltaí an Choiste le linn 2023 sa Sceideal i dtaobh Thinreamh na gComhaltaí ag Cruinnithe agus a gcuid Táillí agus Speansas.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Tá CIR ina chomhpháirt lárnach den rialachas agus de chuid na gcóras rialaithe inmheánaigh arna gcur chun feidhme ag an mBord. Is é an ról atá ag CIR tacú leis an mBord maidir leis an bhfreagracht atá air as an timpeallacht rialaithe, bainistíocht riosca, tuairisciú airgeadais agus as dearbhuithe gaolmhara.

Féachann an coiste chuige go ndéantar faireachán neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, agus na gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Tuairiscíonn CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i dtuarascáil bhliantúil don Bhord.

Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha arna gceadú ag an mBord agus sé chruinniú a thionóil sé in 2023. Freastalaíonn daoine den lucht bainistíochta ar chruinnithe dá chuid ar iarraidh ón gcoiste agus buaileann Comhaltaí CIR leis na hiniúchóirí gach bliain gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair.

### Coiste na nAinmniúchán

Is é ról an Choiste Ainmniúcháin athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le ceapacháin agus pleanáil comharbais agus é ag breathnú ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn ón mBord i gcomhthéacs straitéis NSAI, na ndúshlán atá roimhe agus na ndeiseanna atá le tapú aige.

Agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin as láthair, tacaíonn an coiste le riachtanais an Bhoird maidir le ceapachán agus feidhmíocht an té sin. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha arna gceadú ag an mBord agus thionóil sé dhá chruinniú in 2023.

### An Coiste Rialachais

Is é an ról atá ag an gCoiste Rialachais maoirseacht agus forbairt a dhéanamh ar an rialachas corparáideach chun féachaint chuige go gcomhlíonfaidh NSAI an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann an coiste athbhreithniú ar threoirlínte rialachais chorparáidigh agus molann sé don Bhord iad lena gceadú. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha arna gceadú ag an mBord agus thionóil sé dhá chruinniú in 2023.

## NSAI Inc

Bunaíodh NSAI In. in New Hampshire, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar an 1 Iúil 1997. Corparáid neamhbhrabúis atá ar lánúinéireacht ag NSAI is ea é, agus is é an fheidhm atá aige faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin na hÉireann agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh, idir chinn atá ann faoi láthair agus chinn atá beartaithe, chun léirmheasanna teicniúla a sholáthar agus chun measúnacht a dhéanamh ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus chun dul i mbun deimhniúcháin i ndáil le comhlíonadh chaighdeáin an Aontais Eorpaigh, chaighdeáin na hÉireann agus caighdeán idirnáisiúnta.

Comhlíonann an t-eintiteas Meiriceánach ceanglais rialacháin stáit agus ceanglais rialacháin chónaidhme na Stát Aontaithe.

Tá an fhochuideachta faoi réir rialuithe sonracha bainistíochta agus nós imeachta arna gceadú ag Bord NSAI Inc agus cuimsítear iadsan sna ráitis ghinearálta maidir le comhlíonadh agus éifeachtacht na rialuithe. Tá triúr comhaltaí de Bhord NSAI Inc ar Bhord NSAI.

Feidhmíonn Bord NSAI Inc de réir nósanna imeachta rialachais arna gceadú ag an mBord agus thionóil sé ceithre chruinniú in 2023.

### Tinreamh ag na Cruinnithe

| | |
|---|---|
| A Gleeson, Uasal<br>Cathaoirleach – ceapadh í ar an 27 Iúil 2022 | 4 |
| An tUasal P Devereaux | 3 |
| G. Larkin, Uasal<br>Príomhfheidhmeannach | 4 |
| An tUasal K Mullaney | 4 |

## NSAI Certification UK Ltd

Bunaíodh NSAI Certification UK Ltd ar an 15 Iúil 2021, mar chuideachta faoi theorainn scaireanna, atá ar lánúinéireacht ag NSAI, chun críche marcáil UKCA a sholáthar do ghnólachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú i margadh na Ríochta Aontaithe. Is le haghaidh táirgí foirgníochta agus feistí leighis a bheidh an mharcáil sin ag feidhmiú ar dtús.

Feidhmíonn Bord NSAI UK de réir Meabhrán Tuisceana arna cheadú ag an mBord agus thionóil sé dhá chruinniú in 2023.

### Tinreamh ag na Cruinnithe

| | |
|---|---|
| An tUasal J Kennedy<br>Cathaoirleach | 2 |
| An tUasal W Egenton<br>Chuaigh ar scor an 31 Nollaig 2023 | 1 |
| An tUasal C Verdon | 2 |
| G Larkin Uasal | 2 |

## Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon NSAI ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus míreanna a cuireadh leis ('an Cód'), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar mar a chloíonn an tÚdarás leis an gCód agus lena Chreat Dearbhaithe, tá na comhaltaí deimhin de go ndearnadh lán-chomhlíonadh ar cheanglais nochta an Chóid sna nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, lena n-áirítear:

- Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil – Nota 3
- Comhairleacht – Nota 3
- Fáilteachas – Nota 3
- Miondealú ar shochair na bhfostaithe – Nota 3

## Athruithe ar an bpríomhlucht foirne

Ceapadh an tUasal F Collins ina Rúnaí Boird i mí Feabhra 2023.

## Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha

Tá Ráiteas Cuimsitheach ar Rialú Inmheánach san áireamh leis na Ráitis Airgeadais.

## Costais agus Socraíochtaí Dlí

Déantar táillí dlí a nochtadh faoi 'Costais agus Socraíochtaí Dlí' i gcomhréir leis an gCód.

## Sceideal i dtaobh thinreamh na gcomhaltaí ag cruinnithe agus a gcuid táillí agus speansas

| Comhaltaí Boird | Ceaptha den chéad uair | Ar scor/ (Athcheaptha) | Tinreamh – Comhaltaí Boird agus Comhaltaí Coiste | | | | Táillí 2023 | Speansais 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Coiste na nAinmniúchán | An Coiste Rialachais | | |
| | | | 6 Chruinniú | 6 Chruinniú | 2 Chruinniú | 2 Chruinniú | | |
| An tUasal J Kennedy *Cathaoirleach* | 9 Aibreán 2018 | 26 Aibreán 2023 | 6(6) | – | 2 (2) | – | €11,929 | €4,811 |
| A Gleeson Uasal | 17 Meán Fómhair 2020 | – | 5 (2) | – | – | 2 (2) | €7,668 | – |
| An tUasal B Smith | 17 Aibreán 2018 | 24 Meitheamh 2021 | 6 (6) | – | – | 2(2) | €0 (Nóta 1) | – |
| An tUasal C Verdon | 16 Aibreán 2019 | 7 Aibreán 2022 | 5 (6) | 3 (5) | – | – | €0 (Nóta 1) | |
| An tUasal D Casey | 15 Nollaig 2021 | – | 6 (6) | 5 (5) | – | – | €7,668 | – |
| E Felten Uasal | 17 Meán Fómhair 2020 | – | 3 (6) | – | 1 (2) | 1 (2) | €0 (Nóta 1) | – |
| M O'Connell Uasal | 30 Bealtaine 2019 | 26 Aibreán 2023 | 5 (6) | 6 (6) | 1 (2) | – | €7,668 | – |
| M Cronin Uasal | 2 Lúnasa 2022 | – | 5 (6) | – | – | 2(2) | €7668 | – |
| M McKeown Uasal | 6 Samhain 2019 | *Chuaigh ar scor an 14 Aibreán 2023* | 3 (4) | – | – | 0 (1) | €0 (Nóta 1) | – |
| An tUasal P Devereaux | 30 Bealtaine 2019 | *26 Aibreán 2023* | 4 (6) | 6 (6) | – | – | €7,668 | – |
| An tUasal R Alcorn | 2 Lúnasa 2022 | – | 6 (6) | – | – | 2 (2) | €7668 | €2,906 |
| An tUasal C Verdon | 16 Aibreán 2019 | – | 5 (6) | 6 (6) | 2 (2) | – | €0 (Nóta 1) | – |
| An tUasal W Egenton | 17 Meán Fómhair 2020 | Chuaigh ar scor an 31 Nollaig 2023 | 4 (5) | 5 (5) | – | – | €7,668 | |
| G Larkin Uasal *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhalta de bhrí oifige* | 20 Feabhra 2017 | 21 Feabhra 2022 | 6 (6) | 6 (6) | 2 (2) | – | €0 (Nóta 1) | – |
| **Táillí agus Speansais Iomlána** | | | | | | | **€65,605** | **€ 7,717** |

1. Ní raibh luach saothair iníoctha de réir an phrionsabail 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.
2. Níor tugadh fógra faoin gceapachán sách luath le go bhféadfaí freastal ar chruinniú mhí na Nollag.
3. Leanúnachas an cheapacháin deimhnithe de réir an Bharántais Ceapacháin.

## An mhór-chomhthéacs rialachais

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin agus leis an gCód, ceanglaítear ar NSAI freisin cloí le ceanglais reachtúla (cinn náisiúnta agus cinn an Aontais Eorpaigh) agus ceanglais riaracháin eile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun féachaint chuige go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha seo a leanas:

- Rialachán Uimh. 1025/2012 ón Aontas Eorpach maidir le Caighdeánú Eorpach
  Tá NSAI ainmnithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta mar an comhlacht náisiúnta caighdeán i gcomhair CEN, CENELEC agus ETSI faoin Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Caighdeánú, agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le gníomhaíochtaí caighdeánaithe.
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus rialacháin atá bunaithe orthu
  De réir fhorálacha na nAchtanna, ní mór do gach comhalta agus do na baill foirne go léir a bhfuil poist ainmnithe acu forálacha na nAchtanna a chomhlíonadh.
- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2021 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018
  Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá scéimeanna éagsúla á soláthar ag NSAI, cosúil le forbairt foirne, sosanna gairme agus socruithe oibre solúbtha, a chuidíonn le cothromaíocht idir obair agus saol a bhaint amach don fhoireann ar fad. Tá beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre i bhfeidhm.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Glacann NSAI bearta iomchuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí go léir a chosaint agus forálacha an Achta seo a chomhlíonadh.

### Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1998

Ní comhlacht ainmnithe é NSAI chun críche an Achta. Comhlíonann NSAI na nósanna imeachta atá leagtha síos sna hAchtanna seo chun foráil a dhéanamh d'ionadaithe foirne a bheith ar an mBord.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Fuair NSAI nochtadh cosanta amháin le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. Bhain an nochtadh le héagóir a rinne tríú páirtí agus, tar éis imscrúdaithe, fuarthas nár cuireadh dóthain fianaise ar fáil faoi éagóir líomhnaithe.

Ní bhfuarthas aon nochtadh ó laistigh den eagraíocht féin.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Comhlíonann NSAI forálacha an Achta seo. Bunaítear leis an Acht na cearta reachtúla seo a leanas:

- rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí
- go ndéanfar faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí maidir le duine aonair a leasú sa chás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach
- rochtain ar thaifid i leith cinntí a théann i bhfeidhm ort arna ndéanamh ag an gcomhlacht poiblí sin.

Ba cheart iarrataí ar fhaisnéis a sheoladh chuig:

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise<br>NSAI<br>1 Cearnóg Swift<br>An Choill Thuaidh<br>Seantrabh<br>Baile Átha Cliath 9.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018

Comhlíonann NSAI forálacha na nAchtanna sin agus comhlíonann sé an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

### Ciorclán 40/2002 maidir le Treoirlínte Soláthair Phoiblí

Cinntíonn NSAI go mbítear ag díriú go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha a áirithiú.

### An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá nósanna imeachta bunaithe ag NSAI atá ag teacht leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód seo agus sna Treoirlínte Bonneagair a cuireadh ina áit.

### Tuairisc um Sholáthraithe a Íoc go Pras

Tá an lucht bainistíochta deimhin de gur chomhlíon NSAI forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas sna poncanna ábhartha uile.

### Soláthraithe a Íoc go Pras

Tá NSAI tiomanta d'fhéachaint chuige go ndéanfar gach sonrasc bailí ó sholáthraithe a íoc go pras faoin Riail um Íoc Pras laistigh de 15 lá, agus tuairiscíonn sé a fheidhmíocht ina leith sin gach ráithe ar an suíomh gréasáin.

### Éifeachtúlacht fuinnimh

Tá NSAI tiomanta d'éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. De réir an Chórais Faireacháin agus Tuairiscithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, córas atá á rith ag SEAI, bhí laghdú [insert figure here when confirmed by SEAI in Meitheamh 2024] ar an méid fuinnimh a d'ídigh NSAI in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá dul chun cinn maith fós á dhéanamh ag NSAI: tá laghdú [insert figure here when confirmed by SEAI in Meitheamh] tagtha ar an méid fuinnimh a ídítear i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Tá Córas Bainistíochta Fuinnimh á chur i bhfeidhm ag NSAI faoi láthair, a bheidh creidiúnaithe i leith ISO 50001:2018. Glacann NSAI páirt i gcomhaontuithe creata le haghaidh an tsoláthair leictreachais agus gáis.

### An Chairt Custaiméirí

Leagtar amach i gCairt Custaiméirí NSAI an rún daingean atá againn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá an Chairt le fáil i nGaeilge agus i mBéarla sa rannán About NSAI > Need to Get in Touch > Customer Service Promise and Complaints Procedure ar an suíomh gréasáin. Áirítear sa chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003-2021

De réir Alt 10 d'Acht na bliana 2003, foilsítear leagan Béarla agus leagan Gaeilge den Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais agus foilsíodh leagan Béarla agus leagan Gaeilge de Phlean Straitéiseach NSAI 2022-2026. De réir Alt 10A d'Acht na bliana 2021, bhain NSAI spriocanna amach agus thuairiscigh sé a leibhéal caiteachais ar chumarsáid phoiblí agus ar fhógraíocht i nGaeilge i leith 2023 d'Oifig an Choimisinéara Teanga.

### Sonraí oscailte agus athúsáid a bhaint as faisnéis na hearnála poiblí

Comhlíonann NSAI na ceanglais maidir le ceadúnú faisnéise lena hathúsáid.

### Teacht ar chomhaltaí an Oireachtais

Comhlíonann NSAI an dualgas atá air córas a choinneáil ar bun ionas go mbeidh comhaltaí den Oireachtas in ann teagmháil dhíreach a dhéanamh leis ar an ríomhphost.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcloífear leis an gCód.

I mí Aibreáin 2024, thug an Bord faoi athbhreithniú ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh in 2023 agus ar chreat dearbhaithe NSAI. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, tá dearbhú réasúnta á thabhairt ag an mBord maidir leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh agus freisin gur chloígh NSAI leis an gCód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i leith na bliana 2023.



**James Kennedy**
*Cathaoirleach*

19 Meitheamh 2024



# Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2023


| | |
|---|---|
| Ráiteas Faoi Rialú Inmheánach | 43 |
| Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 45 |
| Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta | 48 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 49 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach | 50 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais | 51 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais in NSAI | 52 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid | 53 |
| Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais | 54 |

# Ráiteas Faoi Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), admhaímid freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh san eagraíocht, lena n-áirítear NSAI Inc. agus NSAI Certification UK Ltd, fo-chuideachtaí atá ar lánúinéireacht ag NSAI. Glactar san áireamh leis an bhfreagracht sin na ceanglais a leagtar síos sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Áirítear leis an gcóras rialaithe inmheánaigh rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus córais bainistíochta riosca a thacaíonn le tosaíochtaí straitéiseacha NSAI a bhaint amach agus le cistí poiblí agus cistí agus sócmhainní eile a bhfuil NSAI freagrach astu a chosaint an tráth céanna.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú go hiomchuí agus a thaifead go cuí, go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear go tráthúil iad, agus go ndéantar beart ceartaitheach nuair is gá. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm in NSAI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## Timpeallacht Rialaithe, Rioscaí agus Nósanna Imeachta

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag NSAI ar a bhfuil comhaltaí Boird a bhfuil saineolas acu i réimse an airgeadais agus na hiniúchóireachta. Tháinig an Coiste sin le chéile 6 huaire in 2023. Tá an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí (seirbhís sheachfhoinsithe) agus a clár oibre faoi threoir ag anailís ar shaincheisteanna riosca agus rialaithe laistigh de NSAI. Ceadaíonn CIR an plean iniúchóireachta inmheánaí agus cuireann sé faoi bhráid an Bhoird é. Ina theannta sin, tá NSAI faoi réir creidiúnú, bainistíocht cáilíochta agus athbhreithnithe eile a dhéanann tríú páirtithe agus a ndéanann an lucht bainistíochta iad a mheas.

Tá Coistí Rialachais agus Ainmniúcháin ag NSAI ar a bhfuil comhaltaí boird a bhfuil a dtéarmaí tagartha ceadaithe ag an mBord. Cuireann na coistí sin tuarascálacha rialta ar fáil don Bhord.

Tá creat agus próiseas foriomlán bainistíochta riosca ag NSAI lena n-áirítear beartas bainistíochta riosca agus ráiteas inghlacthachta riosca. Tá an beartas bainistíochta riosca ar fáil don fhoireann ar fad. Is ann do ról Príomhoifigigh Riosca. Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú ar an gclár rioscaí corparáideach agus ansin déanann CIR athbhreithniú air agus cuirtear faoi bhráid an Bhoird é. Is mír rialta ar chlár cruinnithe an Bhoird í an bhainistíocht riosca.

Tá bearta déanta ag an mBord chun féachaint chuige go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm ag a bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Cód Iompair Gnó lena gceanglaítear ar chomhaltaí Boird, lucht bainistíochta agus baill foirne cloí leis na caighdeáin eiticiúla is airde,
- go bhféachtar chuige go gcomhlíonfar na ceanglais atá leagtha síos sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí,
- beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht feidhmíochta foirne agus forbairt ghairmiúil leanúnach,
- go ndéanfaidh an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha agus ar shaincheisteanna riosca,
- nósanna imeachta doiciméadaithe maidir le gach príomhphróiseas gnó,
- cláir shainiúla oiliúna agus feasachta ar mhaithe le maolú a dhéanamh ar rioscaí sonracha a bhaineann le bagairtí atá ann faoi láthair nó cinn atá ag teacht chun cinn agus le saincheisteanna móra i dtaobh comhlíontachta,
- nithe a bhfuil sé leagtha síos nach mór don Bhord cinneadh a dhéanamh ina leith,
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus an chuntasacht a ghabhann leo ar an leibhéal bainistíochta,
- córas buiséadaithe cuimsitheach le plean agus buiséad bliantúil atá faoi réir cheadú an Bhoird,
- go bhfuil córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil agus athléimneacht na gcóras teicneolaíochta faisnéise a áirithiú,
- go bhfuil córais rialaithe airgeadais i bhfeidhm chun maoirseacht acmhainní airgeadais agus slánchoimeád na sócmhainní a áirithiú,
- nósanna imeachta chun teipeanna suntasacha rialaithe a chinneadh agus a thuairisciú agus féachaint chuige go nglacfar beart ceartaitheach cuí.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun próisis faireacháin a rialú ar bhealach tráthúil. I gcás ina n-aithnítear easnaimh rialaithe, déantar na feabhsuithe riachtanacha a chomhaontú leis na daoine atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus tugtar tuairisc don lucht bainistíochta, do CIR agus don Bhord de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat tuairiscithe bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta.

Áirítear leis an gcóras sin go háirithe:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus tuairiscítear aon easnaimh a aithníodh,
- déanann an Bord faireachán leanúnach ar an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil atá ceadaithe, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na dtuarascálacha airgeadais agus neamhairgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad agus cuspóirí.

## Soláthar

Tá oifigeach soláthair/feidhm sholáthair ag NSAI atá ag gabháil don ról sin amháin. Áirítear leis na socruithe soláthair plean soláthair bliantúil, nuashonruithe rialta maidir le soláthar do bhainisteoirí, úsáid a bhaint as Creataí de chuid Oifig an tSoláthair Phoiblí agus as mionchomórtais de réir mar a oireann do riachtanais na heagraíochta.

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NSAI lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair agus gur chomhlíon NSAI na nósanna imeachta sin le linn 2023, cé is moite de chás amháin ina ndearnadh soláthar gan próiseas iomaíoch tairisceana a chur ar bun i leith tionscadal áirithe. Mar gheall ar chineál rúnda agus práinne na hoibre sin, rinneadh teagmháil le dhá chuideachta, agus chuaigh NSAI i mbun conradh a chaibidliú le ceann de na cuideachtaí sin. Ba é costais na hoibre sin ná €69,936.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NSAI chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Bíonn an faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann NSAI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi threoir ag an obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach agus an t-iniúchóir seachtrach, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre siúd agus ag an lucht ardbhainistíochta in NSAI atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Phléigh an Bord an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2023 ag cruinniú an Bhoird ar an 26 Aibreán 2024. Bhí sé sin faoi threoir ag an tuarascáil fhoirmiúil ó CIR ar na córais rialaithe inmheánaigh agus na dearbhuithe um an iniúchóireacht inmheánach, a tháinig faoin gclár oibre a pléadh ag cruinniú de chuid CIR ar an 16 Feabhra agus an 17 Aibreán 2024.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach a bhí ina gcúis le caillteanas ábhartha i leith na bliana 2023 a gceanglaítear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird:



**James Kennedy**
*Cathaoirleach*
19 Meitheamh 2024



**Geraldine Larkin**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
19 Meitheamh 2024

# Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha mhír 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Cuimsítear sna ráitis airgeadais:

- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar staid an airgeadais in NSAI
- an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar na príomhbheartais chuntasaíochta.

Is é mo thuairim é go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2023 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach agus gur cuí í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús a chur faoin tuairim uaim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. San aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i leith tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar chúrsaí áirithe eile a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Andrew Harkness
Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar a shon

21 Meitheamh 2024

# Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

## Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó na Comhaltaí Boird, tá freagracht ar na Comhaltaí Boird as an méid seo a leanas:

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi mhír 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996
- a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas an bhfuil sé cuí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

## Na Freagrachtaí atá ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi mhír 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé ina chuspóir agam leis an iniúchadh sin dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a chothú ar feadh an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheasúnú; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Tugaim breith ar a oiriúnaí is a bhí sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leanúnach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil uaim ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uaim a mhodhnú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina gcúis leis go scoirfidh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téim i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsítear sa tuairim uaim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina taobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dom, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha ina taobh ar shlí eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc ina dtaobh más rud é go n-aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht le linn an iniúchta teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc air má aimsím cás ábhartha ar bith inarb amhlaidh nach raibh airgead poiblí á úsáid chun na críocha a bhí beartaithe ina leith nó cás ar bith inarb amhlaidh nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis arna rialú.

# Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta

## Bord NSAI

Is iad seo a leanas Comhaltaí Boird NSAI, atá ceaptha ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta:

### Comhaltaí Boird



An tUasal J. Kennedy
*Cathaoirleach*



G. Larkin Uasal
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



An tUasal R. Alcorn



An tUasal D. Casey



M. Cronin Uasal



An tUasal P. Devereux



An tUasal W. Egenton
Chuaigh ar scor ar an
31 Nollaig 2023



E. Felten Uasal



A. Gleeson Uasal



M. McKeown Uasal
Chuaigh ar scor ar an 7 Iúil 2023



M. O'Connell Uasal



An tUasal B. Smith



An tUasal C. Verdon



An tUasal F. Collins
*Rúnaí an Bhoird*
Ceapadh é ar an 30 Eanáir 2023

### Faisnéis ghinearálta

An Cheannoifig
1 Cearnóg Swift,
An Choill Thuaidh,
Seantrabh,
Baile Átha Cliath 9

### Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1

### Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann, cpt.

Banc TD

### Aturnaetha

Eversheds Sutherland

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | *2* | **31,997,664** | 29,539,146 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais riaracháin agus costais ghinearálta | *3* | **36,273,213** | 32,695,861 |
| Costais i ndáil le sochar scoir | *12(a)* | **6,078,088** | 4,836,769 |
| | | **42,351,301** | 37,532,630 |
| **Glanchostais oibriúcháin roimh an deontas** | | **(10,353,637)** | (7,993,484) |
| Deontas Oireachtais | *4* | **10,334,000** | 8,015,000 |
| **(Glanchostas) / glanioncam oibriúcháin don bhliain** | | **(19,637)** | 21,516 |
| Aistriú ón gcuntas caipitiúil | *5* | **48,505** | 18,570 |
| Coigeartú aistrithe | | **(105,368)** | 129,963 |
| **Aistriú (ó) / chuig cúlchistí don bhliain** | | **(76,500)** | 170,049 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | **6,329,080** | 6,159,031 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **6,252,580** | 6,329,080 |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

Thar ceann an Bhoird:

**James Kennedy**
*Cathaoirleach*
19 Meitheamh 2024

**Geraldine Larkin**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
19 Meitheamh 2024

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Cúlchistí don bhliain tar éis leithreasaí** | | **(76,500)** | 170,049 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | *12(d)* | **3,554,000** | (4,640,000) |
| Athruithe ar na boinn tuisceana i dtaobh luach reatha na ndliteanas scéime sochair scoir | | **(3,618,000)** | 47,231,000 |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain** | | **(64,000)** | 42,591,000 |
| Coigeartú ar an gcistiú iarchurtha um shochar scoir | *12(b)* | **64,000** | (42,591,000) |
| **(Costais) / ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(76,500)** | 170,049 |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

Thar ceann an Bhoird:



**James Kennedy**
*Cathaoirleach*
19 Meitheamh 2024



**Geraldine Larkin**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
19 Meitheamh 2024

# Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais

**Amhail an 31 Nollaig 2023**

| | Nótaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | | **3,976,024** | 4,025,972 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Méideanna infhála | | **8,154,862** | 7,731,242 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | **2,280,878** | 2,247,839 |
| | | **10,435,740** | 9,979,081 |
| **Dliteanais reatha (a bheidh dlite < 1 bhliain amháin)** | | | |
| Méideanna iníoctha | *9* | **4,183,160** | 3,650,001 |
| **Glansócmhainní reatha** | | **6,252,580** | 6,329,080 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha roimh Phinsin** | | **10,228,604** | 10,355,052 |
| **Sochair scoir** | | | |
| Sócmhainn an chistithe iarchurtha um shochar scoir | *12(c)* | **105,763,000** | 100,866,000 |
| Oibleagáid um shochar scoir | *12(b)* | **(105,763,000)** | (100,866,000) |
| **Glansócmhainní** | | **10,228,604** | 10,355,052 |
| **Lena léirítear** | | | |
| Cuntas caipitil | *5* | **3,976,024** | 4,025,972 |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe | | **6,252,580** | 6,329,080 |
| | | **10,228,604** | 10,355,052 |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

Thar ceann an Bhoird:

**James Kennedy**
*Cathaoirleach*
19 Meitheamh 2024

**Geraldine Larkin**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
19 Meitheamh 2024

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais in NSAI

**Amhail an 31 Nollaig 2023**

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | | **3,883,880** | 3,937,988 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Méideanna infhála | | **22,738,616** | 19,292,088 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | **783,394** | 951,923 |
| | | **23,522,010** | 20,244,011 |
| **Dliteanais reatha (a bheidh dlite < 1 bhliain amháin)** | | | |
| Méideanna iníoctha | *9* | **26,935,462** | 23,548,407 |
| **Glansócmhainní reatha** | | **(3,413,452)** | (3,304,396) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha roimh Phinsin** | | **470,428** | 633,592 |
| **Sochair scoir** | | | |
| Sócmhainn an chistithe iarchurtha um shochar scoir | *12(c)* | **105,763,000** | 100,866,000 |
| Oibleagáid um shochar scoir | *12(b)* | **(105,763,000)** | (100,866,000) |
| **Glansócmhainní** | | **470,428** | 633,592 |
| | | | |
| **Lena léirítear** | | | |
| Cuntas caipitil | *5* | **3,883,880** | 3,937,988 |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe | | **(3,413,452)** | (3,304,396) |
| | | **470,428** | 633,592 |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

Thar ceann an Bhoird:

**James Kennedy**
*Cathaoirleach*
19 Meitheamh 2024

**Geraldine Larkin**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
19 Meitheamh 2024

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Costas) glan oibriúcháin don bhliain | | **(19,637)** | 21,516 |
| Ús bainc | | **(483)** | 3,397 |
| Muirear dímheasa | 6 | **908,655** | 785,881 |
| Caillteanas/(brabús) ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | | **49** | (150) |
| (Méadú) ar mhéideanna infhála | | **(423,620)** | (724,523) |
| Méadú ar mhéideanna iníoctha | | **533,159** | 115,981 |
| Coigeartú um aistriú airgeadra | | **(105,368)** | 129,963 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **892,755** | 332,065 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach | 6 | **(887,830)** | (767,311) |
| Fáltais ó dhíol maoine, gléasra agus trealaimh | | **27,631** | 150 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(860,199)** | (767,161) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús bainc | | **483** | (3,397) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **483** | (3,397) |
| **Méadú/(laghdú) glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **33,039** | (438,493) |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir** | | **2,247,839** | 2,686,332 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | | **2,280,878** | 2,247,839 |

Is cuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite iad an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 20.

Thar ceann an Bhoird:

**James Kennedy**
*Cathaoirleach*
19 Meitheamh 2024

**Geraldine Larkin**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
19 Meitheamh 2024

# Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

### Faisnéis ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán, 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Tá feidhmeanna reachtúla NSAI sainithe sna hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996;
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996;
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na cláir lárnacha mhéadreolaíochta, chaighdeánaithe agus méadreolaíochta dlí maidir le tomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus sa mheasúnú comhréireachta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), arb é airgeadra feidhmeach an Údaráis é freisin.

### Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na reachtaíochta is infheidhme, agus de réir FRS 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

### Bunús an chomhdhlúthaithe

Cuimsítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite torthaí an Údaráis agus a fhochuideachtaí faoi lánúinéireacht, NSAI Inc. agus NSAI Certification UK Ltd. Féach Nótaí 13 agus 14 le haghaidh tuilleadh sonraí. Is ionainn beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí agus beartais chuntasaíochta an Údaráis.

### Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoiliú an Aire sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i leith nithe a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais chomhdhlúite NSAI.

### Ioncam

Tugtar cuntas i leith an ioncaim ar fad, seachas an Deontas Oireachtais, sa tréimhse ina dtuilltear é. Déileáiltear le táillí arna n-íoc roimh ré mar ioncam iarchurtha agus is mar dhliteanas reatha a thuairiscítear iad. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an gCuntas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe tráth sholáthar na seirbhíse.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Deontas Oireachtais

Aithnítear deontais Oireachtais ar an tsamhail feidhmíochta. I gcás deontas nach bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe sa todhchaí ar an bhfaighteoir faoi, aithnítear mar ioncam é nuair a fhaightear luach an deontais. I gcás deontas a bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe sa todhchaí ar an bhfaighteoir faoi, ní aithnítear mar ioncam é go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha feidhmíochta sin.

### Aistriú airgeadraí eachtracha

#### (a) Idirbhearta in airgeadra eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus speansais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe le brabús agus le caillteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadra eachtraigh tráth ghlanadh na méideanna infhála agus na méideanna iníoctha in airgeadra eachtrach.

#### (b) Oibríochtaí coigríche

Nuair atá torthaí na hoibríochta eachtraí á n-aistriú lena gcuimsiú sna ráitis airgeadais, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Is sa chúlchiste a aithnítear an difríocht aistrithe airgeadra a eascraíonn as athshonrú na n-oibríochtaí eachtracha in euro – arb é an t-airgeadra feidhmiúil é – de bharr athruithe ar na rátaí malairte (sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe faoin gceannteideal 'coigeartú aistrithe' i leith míreanna airgeadaíochta agus sa Chuntas Caipitil i leith difríochtaí athaistrithe i ndáil le sócmhainní seasta.) Aistrítear ioncam agus costais de réir meánrátaí malairte ar bhonn tréimhsí míosúla. Is i gcúlchiste na hoibríochta freisin a aithnítear aon difríocht a eascraíonn ón aistriú airgeadra i gcomparáid leis an ráta atá sa Ráiteas ar Staid An Airgeadais.

## Maoin, gléasra agus trealamh

Tá maoin, gléasra agus trealamh ar le NSAI iad luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, agus an luach coigeartaithe i leith soláthar ar bith i ndáil le lagú. Áirítear le Talamh agus Foirgnimh talamh atá ar seilbh agus ar a bhfuil na foirgnimh suite. Déantar an dímheas a ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar an gcostas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn an mhéid chothroim, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| i. | Trealamh, Daingneáin agus Feisteas | 5 bliana |
| ii. | Ríomhairí | 3 bliana |
| iii. | Talamh agus Foirgnimh | 50 bliain |
| iv. | Mótarfheithiclí | 5 bliana |

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus sa riocht cheana féin a bheifí ag súil leis ag deireadh a saoil úsáidigh.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas i ndáil le lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i leith na bliana.

### Cuntas caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil ioncam deontais a úsáidtear chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil agus déantar é a dhíscríobh i gcomhréir leis na beartais dímheasa agus athluachála i leith na sócmhainní gaolmhara.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Méideanna infhála

Aithnítear méideanna infhála ar a luach cóir, lúide soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha. Déantar an soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha i ndáil le féichiúnaithe amhrasacha sonraithe agus déantar soláthar breise i gcoinne fiacha trádála eile, nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh NSAI ná NSAI Inc. in ann gach méid atá dlite dóibh a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i gcoinne fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

### Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear an caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair a bhíonn arduithe cíosa i gceist atá nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na harduithe sin tráth a dtabhaithe. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

### Sochair fostaithe

#### (a) Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair arna bhfabhrú ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Méideanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

#### (b) Sochair Scoir

Aithnítear idirbhearta, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna pinsin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe, sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais i gcomhréir le ceanglais Alt 28 de FRS 102: Sochair Fostaithe.

#### Scéim Aoisliúntais NSAI

Feidhmíonn NSAI scéim pinsin le sochar sainithe, arna cistiú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne.

Léiríonn na costais sochair scoir na sochair phinsin a thuill fostaithe, agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a gcoinníonn NSAI iad. Is mar ioncam a aithnítear suim arb ionann í agus an muirear scoir sa mhéid agus go bhfuil sí inghnóthaithe, agus déantar í a fhritháireamh le deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar na boinn tuisceana achtúireacha agus ar bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i leith na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn na dliteanais sochair scoir luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn an cistiú iarchurtha um shochar scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Aithníonn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann sócmhainn i leith cistiú iarchurtha um shochair scoir – luach reatha an chistithe a mheasann sé a chuirfidh an Stát ar fáil amach anseo chun freastal ar dhliteanais i ndáil le sochair scoir de réir mar a bheidh siad dlite. Gné dhílis den chur chuige cuntasaíochta sin is ea an bonn tuisceana go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann i bhfeidhm ar an gcéad ásc chun costais reatha a chlúdach agus go bhfreastalóidh cistiú Stáit ar aon easnamh faoi láthair nó ar aon easnamh amach anseo sna hacmhainní, lena n-áirítear dliteanais i ndáil le sochair scoir amach anseo.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Ina theannta sin, feidhmíonn NSAI Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('an Scéim Aonair'), ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPA). Cuireadh tús le híocaíocht ranníocaíochtaí fostóirí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an 1 Eanáir 2019.

### Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí ranníocaíocht aoisliúntais bhreise a eascraíonn as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus as an Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2017. Cuireadh an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise in ionad an laghdaithe pinsean-choibhneasa, a tháinig chun críche ag deireadh 2018. Cé gur beart sealadach éigeandála a bhí sa laghdú pinsean-choibhneasa, is ranníocaíocht bhuan í an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise maidir le luach saothair inphinsin. Bailítear an asbhaint agus cuirtear ar ais í chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (féach Nóta 3).

### Breithiúnais agus meastacháin rí-thábhachtacha i leith na cuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a ghlacadh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i leith sócmhainní agus dliteanas amhail deireadh na bliana agus ar na méideanna arna dtuairisciú i leith ioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba mhó acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

#### (a) Lagú maoine, gléasra agus trealaimh

Déantar sócmhainní atá faoi réir dímheasa a athbhreithniú i ndáil le lagú nuair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas i ndáil le lagú mar an difríocht idir méid inghnóthaithe na sócmhainne agus a suim ghlanluacha. Is ionann méid inghnóthaithe na sócmhainne agus a luach cóir lúide an costas díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is mó. Chun measúnú a dhéanamh ar an lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil de réir na leibhéal is ísle dá bhfuil sreafaí airgid is féidir a aithint ar leithligh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais atá lagaithe le haghaidh aisiompú féideartha ar an lagú ar gach dáta tuairiscithe.

#### (b) Oibleagáid um shochar scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar na boinn tuisceana is bonn leis na meastacháin achtúireacha dá gcinntear na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treochtaí um chostas cúraim sláinte) ar bhonn na ndálaí geilleagracha atá i réim faoi láthair, agus i leith athrú ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar na boinn tuisceana:

i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta

ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo

iii. treochtaí um chostas cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe i dtaobh costas leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. Ioncam

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Táillí deimhniúcháin | | **26,227,365** | 24,870,392 |
| Díol caighdeán | | **2,053,197** | 1,843,588 |
| Ioncam eile | | **375,619** | 227,563 |
| Ús bainc | | **483** | (3,397) |
| | | **28,656,664** | 26,938,146 |
| Glanchistiú iarchurtha um shochar scoir | *12(c)* | **3,341,000** | 2,601,000 |
| | | **31,997,664** | 29,539,146 |

## 3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Pá | *3(a)* | **20,359,802** | 17,847,519 |
| Luach saothair agus speansais na gcomhaltaí boird | *15* | **79,025** | 63,857 |
| Speansais taistil | *3(b)* | **1,315,918** | 1,025,436 |
| Fochonraitheoirí | *3(c)* | **6,217,133** | 6,336,072 |
| Soláthar Seirbhíse Seachtraí | | **276,338** | 205,552 |
| Sainchomhairleoireacht | *3(d)* | **267,133** | 287,819 |
| Costais agus socraíochtaí dlí | *3(e)* | **111,634** | 203,857 |
| Cíosanna, rátaí, obair dheisiúcháin agus chothabhála | | **1,970,289** | 1,836,791 |
| Costais oibriúcháin eile | *3(f)* | **3,677,155** | 3,161,061 |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | | **49** | (150) |
| Síntiúis d'eagraíochtaí | | **1,090,082** | 942,166 |
| Dímheas | 6 | **908,655** | 785,881 |
| | | **36,273,213** | 32,695,861 |

## 3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta (ar lean)

### (a) Pá

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá agus tuarastail | **18,487,033** | 16,336,394 |
| Ragobair | **87,356** | 67,656 |
| Liúntais | **144,238** | 126,169 |
| Costais leasa shóisialta | **1,614,411** | 1,320,170 |
| Costais aoisliúntais | **26,764** | (2,870) |
| | **20,359,802** | 17,847,519 |

Baineadh asbhaintí pinsin €532,155 (2022: €503,306) as tuarastail agus íocadh iad leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Baineadh asbhaintí €327,259 (2022: €249,457) as tuarastail i leith Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus íocadh iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Bhí 237 duine fostaithe (coibhéis lánaimseartha) amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: 217).

### (b) Speansais Taistil:

Tá ceannoifig NSAI lonnaithe i gCearnóg Swift, Seantrabh agus tá oifigí agus ionaid réigiúnacha aige ar fud na hÉireann. Tá oifigí fochuideachta aige freisin in Nashua, New Hampshire, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i Londain, sa Ríocht Aontaithe. Meastar gur taisteal idirnáisiúnta é an taisteal lasmuigh d'Éirinn i gcás na mball foirne go léir atá lonnaithe in Éirinn. Maidir le baill foirne atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, meastar gur Taisteal Inmheánach é an taisteal laistigh de na Stáit Aontaithe, agus gur Taisteal Idirnáisiúnta é an taisteal lasmuigh de na Stáit Aontaithe. I gcás baill foirne atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe meastar gur taisteal idirnáisiúnta é taisteal lasmuigh den Ríocht Aontaithe. Ba é €1,013,975 an costas iomlán a tabhaíodh i ndáil le taisteal agus cothabháil sa tír seo in 2023 (2022: €873,794). Ba é €301,943 an costas iomlán a thabhaíodh i ndáil le taisteal agus cothabháil thar lear in 2023 (2022: €151,642).

### (c) Fochonraitheoirí:

Baineann costais i leith fochonraitheoirí leis an leas a bhaintear as saineolaithe speisialaithe a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí a ghineann ioncam do NSAI.

### (d) Sainchomhairleoireacht:

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle a chuireann daoine seachtracha ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe an ghnáthghnó.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Acmhainní Daonna agus Pinsin | **101,227** | 31,390 |
| Comhairle dlí | **109,305** | 107,090 |
| Comhairle Airgeadais/Achtúireach | **5,575** | 663 |
| Eile | **51,026** | 148,676 |
| | **267,133** | 287,819 |

## 3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta (ar lean)

### (e) Costais agus Socraíochtaí Dlí

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí, socraíochtaí dlí, agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair NSAI, rud a nochtar sna Costais Chomhairleachta thuas.

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí | **111,634** | 162,357 |
| Comhréiteach agus eadráin | **–** | – |
| Socraíochtaí | **–** | 41,500 |
| | **111,634** | 203,857 |

### (f) Costais Oibriúcháin Eile

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Fógraíocht, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí | **184,157** | 139,036 |
| Costais TFC | **1,112,392** | 969,455 |
| Cumarsáid, Clóbhuaileadh & Foilseacháin | **391,911** | 377,059 |
| Costais i leith Maoiniú | **187,974** | 158,536 |
| Árachas | **910,074** | 738,610 |
| Forbairt Foirne | **386,761** | 243,769 |
| Costais earcaíochta | **295,542** | 317,813 |
| Táille Iniúchóireachta – An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **32,600** | 32,600 |
| Táille Iniúchóireachta – Táillí na nIniúchóirí Inmheánacha agus na nIniúchóirí Seachtracha | **31,168** | 40,043 |
| Costais Oibriúcháin Eile | **144,576** | 144,140 |
| | **3,677,155** | 3,161,061 |

### g) Caiteachas ar fháilteachas

Ba é an caiteachas ar fháilteachas in 2023 ná €32,264 (2022: €15,923) lenar cuimsíodh fáilteachas i gcomhair cliant dar luach €5,927 (2022: €5,696) agus rannpháirtíocht leis na fostaithe/leas foirne dar luach €26,337 (2022: €10,227). Áirítear leis na costais ar rannpháirtíocht leis na fostaithe/leas foirne ranníocaíocht i leith ócáidí a reáchtálann club sóisialta na foirne agus i leith cleachtaí maidir le neartú na foirniúlachta.

## 3. Costais riaracháin agus costais ghinearálta (ar lean)

### (h) Miondealú ar na sochair foirne

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chur ina gcatagóirí sna bandaí seo a leanas:

| Réimse na sochar iomlán d'fhostaithe | Líon na bhfostaithe 2023 | Líon na bhfostaithe 2022 |
|---|---|---|
| €60,000 – €69,999 | **35** | 37 |
| €70,000 – €79,999 | **36** | 26 |
| €80,000 – €89,999 | **15** | 13 |
| €90,000 – €99,999 | **17** | 29 |
| €100,000 – €109,999 | **22** | 7 |
| €110,000 – €119,999 | **5** | 9 |
| €120,000 – €129,999 | **5** | 5 |
| €130,000 – €139,999 | **7** | 1 |
| €140,000 – €149,999 | **3** | 2 |
| €150,000 – €159,999 | **1** | – |
| €160,000 – €169,999 | **–** | – |
| €170,000 – €179,999 | **3** | 3 |
| €180,000 – €189,999 | **1** | – |

Áirítear sna figiúirí fostaithe de chuid NSAI, NSAI Inc. agus NSAI Certification UK Ltd. atá bunaithe i ndlínsí éagsúla. Is fostaithe de chuid na hearnála poiblí iad fostaithe NSAI a socraítear a bpá faoi threoir údaruithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Tá fostaithe NSAI Inc. fostaithe ag NSAI Inc. sna Stáit Aontaithe, agus socraítear a bpá faoi threoir rátaí, téarmaí agus coinníollacha an mhargaidh áitiúil. Tá fostaithe NSAI Certification UK Ltd. fostaithe ag NSAI Certification UK Ltd. sa Ríocht Aontaithe, agus socraítear a bpá siúd faoi threoir rátaí, téarmaí agus coinníollacha an mhargaidh áitiúil.

## 4. Deontas Oireachtais

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | **10,334,000** | 8,015,000 |

Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a eisíonn an Deontas Oireachtais agus áirítear leis an deontas sin suim €500,000 (2022: €500,000) i leith ceannacháin chaipitil i rith na bliana. Is ó Vóta 32, Fo-mhírcheann A.6 a thagann an cistiú.

## 5. Cuntas caipitil

| | 2023 Grúpa<br>€ | 2023 NSAI<br>€ | 2022 Grúpa<br>€ | 2022 NSAI<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | **4,025,972** | **3,937,988** | 4,041,737 | 4,005,134 |
| Gluaiseachtaí i leith maoine, gléasra agus trealaimh | **(48,505)** | **(54,108)** | (18,570) | (67,146) |
| Aistriú chuig Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | **(48,505)** | **(54,108)** | (18,570) | (67,146) |
| Coigeartú um aistriú airgeadra | **(1,443)** | **–** | 2,805 | – |
| Amhail an 31 Nollaig | **3,976,024** | **3,883,880** | 4,025,972 | 3,937,988 |

## 6. Property, plant and equipment

### Grúpa:

| | Trealamh, Daingneáin agus Feisteas<br>€ | Trealamh ríomhai-reachta<br>€ | Talamh agus foirgnimh<br>€ | Mótarfh eithiclí<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas:** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 6,403,681 | 6,515,232 | 4,428,241 | 368,328 | 17,715,482 |
| Breiseanna | 531,271 | 356,559 | – | – | 887,830 |
| Diúscairtí | – | (35,568) | – | (12,777) | (48,345) |
| Coigeartú aistrithe | (940) | (11,271) | (2,221) | – | (14,432) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **6,934,012** | **6,824,952** | **4,426,020** | **355,551** | **18,540,535** |
| **Dímheas:** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 5,548,650 | 5,459,850 | 2,353,745 | 327,265 | 13,689,510 |
| Muirear don bhliain | 315,274 | 510,375 | 67,778 | 15,228 | 908,655 |
| Diúscairtí | – | (7,888) | – | (12,777) | (20,665) |
| Coigeartú aistrithe | (776) | (9,992) | (2,221) | – | (12,989) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **5,863,148** | **5,952,345** | **2,419,302** | **329,716** | **14,564,511** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 855,031 | 1,055,382 | 2,074,496 | 41,063 | 4,025,972 |
| Glanghluaiseacht don bhliain | 215,997 | (181,496) | (67,778) | (15,228) | (48,505) |
| Coigeartú aistrithe | (164) | (1,279) | – | – | (1,443) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **1,070,864** | **872,607** | **2,006,718** | **25,835** | **3,976,024** |

## 6. Property, plant and equipment (ar lean)

### NSAI

| | Trealamh, Daingneáin agus Feisteas | Trealamh ríomhai-reachta | Talamh agus foirgnimh | Mótarfh eithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas:** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 6,369,814 | 6,109,110 | 4,348,231 | 368,328 | 17,195,483 |
| Breiseanna | 531,271 | 299,345 | – | – | 830,616 |
| Diúscairtí | – | (35,568) | – | (12,777) | (48,345) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **6,901,085** | **6,372,887** | **4,348,231** | **355,551** | **17,977,754** |
| **Dímheas:** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 5,521,993 | 5,134,502 | 2,273,735 | 327,265 | 13,257,495 |
| Muirear don bhliain | 313,335 | 460,703 | 67,778 | 15,228 | 857,044 |
| Diúscairtí | – | (7,888) | – | (12,777) | (20,665) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **5,835,328** | **5,587,317** | **2,341,513** | **329,716** | **14,093,874** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 847,821 | 974,608 | 2,074,496 | 41,063 | 3,937,988 |
| Glanghluaiseacht don bhliain | 217,936 | (189,038) | (67,778) | (15,228) | (54,108) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **1,065,757** | **785,570** | **2,006,718** | **25,835** | **3,883,880** |

## 7. Maoin

Tá NSAI in áitribh i roinnt áiteanna éagsúla. Is ag 1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9 atá an cheannoifig. Is ar léas atá an t-áitreabh sin agus chuathas ina bhun i mí Eanáir 2008 ar feadh tréimhse 20 bliain. Rinneadh athbhreithniú cíosa in 2023. Ardú €30,149/4% a bhí í gceist i gcomparáid leis an mbunchíos. Tá an léas le dul in éag i mí na Nollag 2027.

Tá Lárionaid Réigiúnacha ag NSAI i gCorcaigh, Baile Átha Cliath, Dún Dealgan, Gaillimh, Luimneach, Sligeach agus Port Láirge. Tá Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Tá gach ceann de na háitribh sin ar úinéireacht ag NSAI.

Tá an fhochuideachta i Stáit Aontaithe Mheiriceá lonnaithe ag 20 Trafalgar Square, Nashua, NH 03063, SAM, agus tá an t-áitreabh sin á ghlacadh ar léas. Chuathas i mbun an léasa i mí Mheán Fómhair 2015 ar feadh tréimhse 5 bliana agus cuireadh síneadh 5 bliana leis in 2020. Tá fochuideachta na Ríochta Aontaithe lonnaithe ag 6-9 The Square, Stockley Park, Heathrow, UB11 1FW, An Ríocht Aontaithe. Tá na háitribh sin ar cíos ar bhonn comhaontú gearrthéarmach cíosa a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2021.

## 8. Méideanna infhála

| | 2023 Grúpa<br>€ | 2023 NSAI<br>€ | 2022 Grúpa<br>€ | 2022 NSAI<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Méideanna trádála infhála | **5,211,248** | **2,841,957** | 5,068,299 | 2,790,760 |
| Ioncam fabhraithe | **1,625,077** | **1,575,447** | 1,384,312 | 1,327,988 |
| Réamhíocaíochtaí | **1,318,537** | **1,182,161** | 1,278,631 | 1,177,083 |
| Idirchuideachta | **–** | **17,139,051** | – | 13,996,257 |
| | **8,154,862** | **22,738,616** | 7,731,242 | 19,292,088 |

Tá gach méid infhála dlite laistigh d'aon bhliain amháin. Tá gach méid trádála infhála dlite laistigh de ghnáth-théarmaí an Údaráis. Léirítear na méideanna trádála infhála glan ar lagú i ndáil le fiacha amhrasacha. Is mar seo a leanas atá an ghluaiseacht sa lagú i ndáil le fiacha amhrasacha:

| | 2023 Grúpa<br>€ | 2023 NSAI<br>€ | 2022 Grúpa<br>€ | 2022 NSAI<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **678,311** | **473,552** | 678,722 | 462,391 |
| Úsáidte i rith na bliana | **(104,573)** | **–** | – | – |
| Coigeartú i leith soláthair | **(61,975)** | **(152,206)** | (411) | 11,161 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **511,763** | **321,346** | 678,311 | 473,552 |

## 9. Méideanna iníoctha (a bheidh dlite < 1 bhliain amháin)

| | 2023 Grúpa<br>€ | 2023 NSAI<br>€ | 2022 Grúpa<br>€ | 2022 NSAI<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Méideanna trádála iníoctha | **253,972** | **188,372** | 148,947 | 103,627 |
| Méideanna iníoctha eile agus fabhruithe | **1,860,996** | **1,603,986** | 1,589,534 | 1,318,445 |
| Ioncam iarchurtha | **1,705,804** | **1,256,203** | 1,439,264 | 1,025,197 |
| Cáin, árachas sóisialta agus CBL | **362,388** | **362,388** | 472,256 | 472,256 |
| Idirchuideachta | **–** | **23,524,513** | – | 20,628,881 |
| | **4,183,160** | **26,935,462** | 3,650,001 | 23,548,406 |

## 10. Ceangaltais i dtaobh léasanna oibriúcháin

B'ionann na híocaíochtaí a rinneadh faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh arna muirearú sna ráitis airgeadais agus €908,333 (2022: €879,526). Is iad seo a leanas iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta sa todhchaí faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

| | 2023 Grúpa<br>€ | 2023 NSAI<br>€ | 2022 Grúpa<br>€ | 2022 NSAI<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **911,700** | **841,464** | 880,184 | 811,315 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **2,571,835** | **2,524,392** | 3,362,939 | 3,245,260 |
| Tar éis cúig bliana | **–** | **–** | – | – |
| | **3,483,535** | **3,365,856** | 4,243,123 | 4,056,575 |

## 11. Cáin

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó cháin ar a ioncam.

## 12. Costais i ndáil le sochar scoir

### (a) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas Comhdhlúite a~oncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha – Scéim NSAI | **1,965,000** | 2,883,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir – Scéim NSAI | **3,525,000** | 1,603,000 |
| Scéim NSAI – Ranníocaíochtaí na bhfostaithe | **(393,689)** | (397,602) |
| Costais seirbhíse reatha – An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | **589,000** | 1,150,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir – An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | **106,000** | 46,000 |
| Coigeartú i leith Costas Seirbhíse Reatha agus Ús ar an Scéim Pinsin Aonair | **(695,000)** | (1,196,000) |
| An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair – Ranníocaíocht an Fhostóra | **981,777** | 748,371 |
| | **6,078,088** | 4,836,769 |

## 12. Costais i ndáil le sochar scoir (ar lean)

### (b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir i rith na bliana airgeadais

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid sochair scoir amhail an 1 Eanáir | **100,866,000** | 138,948,000 |
| Costais seirbhíse reatha – Scéim NSAI | **1,965,000** | 2,883,000 |
| Costais úis – Scéim NSAI | **3,525,000** | 1,603,000 |
| Costais seirbhíse reatha – An Scéim Pinsean Aonair | **589,000** | 1,150,000 |
| Costais úis – An Scéim Pinsean Aonair | **106,000** | 46,000 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach | **64,000** | (42,591,000) |
| Ranníocaíochtaí ó na rannpháirtithe sa phlean | **797,000** | 712,000 |
| Pinsin a íocadh i rith na bliana | **(2,149,000)** | (1,885,000) |
| **Glanoibleagáid sochair scoir amhail an 31 Nollaig** | **105,763,000** | 100,866,000 |

### (c) Cistiú iarchurtha i leith sochair scoir

Aithníonn NSAI na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean bunaithe ar bhoinn tuisceana agus ar roinnt teagmhas roimhe seo. I measc na dteagmhas sin, tá an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais agus don bheartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin san earnáil phoiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag NSAI nach leanfar ar aghaidh, faoin mbeartas dá dtagraítear thuas, ag freastal ar mhéideanna den sórt sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Seo a leanas an glanchistiú iarchurtha i leith sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | **6,185,000** | 5,682,000 |
| Coigeartú i leith na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | **(695,000)** | (1,196,000) |
| Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm le sochair scoir a íoc | **(2,149,000)** | (1,885,000) |
| | **3,341,000** | 2,601,000 |

Amhail an 31 Nollaig 2023, b'fhiú €105.76m an tsócmhainn um chistiú iarchurtha i leith sochair scoir (2022: €100,866m).

## 12. Costais i ndáil le sochar scoir (ar lean)

### (d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe | **105,763,000** | 100,866,000 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais na scéime le sochar sainithe | **3,554,000** | (4,640,000) |
| Céatadán de dhliteanais na scéime | **3.4%** | (4.6%) |

### (e) Cur síos ginearálta ar na scéimeanna

#### Scéim Aoisliúntais NSAI

Is éard atá sa scéim sochair scoir ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar thuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin shamhailscéim reatha na hearnála poiblí. Faoin scéim, soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é an lá a shlánóidh an ball 65 bliana d'aois an ghnáthaois scoir faoin scéim sin, agus tá daoine ar bhaill iad ó roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ón uair a shlánóidh siad 60 bliain d'aois. Téann pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí.

#### An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Gach duine a thosóidh i mbun fostaíocht inphinsin sa tseirbhís phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, beidh sé nó sí páirteach sa Scéim Pinsean Aonair. Tá an Scéim Pinsin Aonair bunaithe ar shamhail faoina ndéantar meán thar shaolré ghairme a ríomh. Fágann sé sin go mbíonn na sochair scoir bunaithe ar chéatadán de thuilleamh inphinsin ar feadh gairm seirbhíse poiblí an bhaill den Scéim.

### (f) Luacháil na scéimeanna

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh faoi FRS 102 ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe i mí Eanáir 2024, agus tugadh aird ar cheanglais FRS d'fhonn dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2023 a mheasúnú.

Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana achtúireacha a úsáideadh:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe na dtuarastal | **3.30%** | 3.60% |
| Ráta méadaithe na sochar scoir atá á n-íoc | **2.80%** | 3.10% |
| Ráta lascaine | **3.15%** | 3.65% |
| Ráta boilscithe | **2.30%** | 2.60% |

### (g) Mortlaíocht

An meánionchas saoil amach anseo de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais phinsin a chinneadh

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Fear in aois 65 | **22.1** | 21.9 |
| Bean in aois 65 | **24.4** | 24.3 |

## 13. NSAI Inc

Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, SAM, ar an 1 Iúil 1997 mar chorparáid neamhbhrabúis faoi lánúinéireacht ag NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin na hÉireann agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh, idir chinn atá ann faoi láthair agus chinn atá beartaithe, chun léirmheasanna teicniúla a sholáthar agus chun measúnacht a dhéanamh ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus chun dul i mbun deimhniúcháin i ndáil le comhlíonadh chaighdeáin an Aontais Eorpaigh, chaighdeáin na hÉireann agus caighdeán idirnáisiúnta. Tá iarmhéideanna agus idirbhearta NSAI Inc. curtha san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

Áirítear leis an mbarrachas comhdhlúite don bhliain barrachas €806,457 ó oibríochtaí NSAI Inc. (2022: €991,945). Féach Nóta 13(a) chun breac-chuntas a léamh i dtaobh na sonraí airgeadais.

### (a) Seo a leanas breac-chuntas ar shonraí airgeadais NSAI Inc:

**Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais**

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Táillí deimhniúcháin | **8,513,624** | 8,920,996 |
| **Caiteachas** | | |
| Pá | **3,849,576** | 3,337,080 |
| Speansais taistil | **559,630** | 370,744 |
| Fochonraitheoirí | **3,175,497** | 3,631,422 |
| Sainchomhairleoireacht | **20,494** | 49,109 |
| Cíosanna, rátaí, obair dheisiúcháin agus chothabhála | **91,300** | 90,627 |
| Costais oibriúcháin eile | **889,706** | 581,778 |
| Síntiúis d'eagraíochtaí | **173,387** | 187,318 |
| Dímheas | **51,611** | 34,364 |
| Glanmhuirear (athmhuirear) idirchuideachta | **(1,104,034)** | (353,391) |
| | **7,707,167** | 7,929,051 |
| **Barrachas oibriúcháin don bhliain** | **806,457** | 991,945 |

## 13. NSAI Inc (ar lean)

| **Ráiteas ar Staid an Airgeadais** | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **92,145** | 87,983 |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Méideanna infhála | **2,555,297** | 2,435,412 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | **1,497,485** | 1,295,916 |
| Idirchuideachta | **23,524,513** | 20,628,881 |
| | **27,577,295** | 24,360,209 |
| **Dliteanais reatha (a bheidh dlite < 1 bhliain)** | | |
| Méideanna iníoctha | **740,215** | 701,284 |
| Idirchuideachta | **16,367,995** | 13,706,181 |
| | **17,108,210** | 14,407,465 |
| **Glansócmhainní reatha** | **10,469,085** | 9,952,744 |
| **Glansócmhainní** | **10,561,230** | 10,040,727 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| Cuntas caipitil | **92,145** | 87,983 |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe | **10,469,085** | 9,952,744 |
| | **10,561,230** | 10,040,727 |

## 14. NSAI Certification UK Limited

Corpraíodh NSAI Certification UK Limited sa Ríocht Aontaithe ar an 15 Iúil 2021 mar chuideachta phríobháideach atá ar lánúinéireacht ag NSAI, lenar bunaíodh láithreacht sa Ríocht Aontaithe atá ina réamhriachtanas chun creidiúnaithe UKAS (Seirbhís Creidiúniúcháin na Ríochta Aontaithe) agus MHRA (An Ghníomhaireacht Rialála Cógas agus Táirgí Cúraim Sláinte) a bhaint amach, ar cinn iad a theastaíonn chun deimhniúchán UKCA a sholáthar i leith Feistí Leighis agus Táirgí Foirgníochta Éireannacha atá le cur ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Fuarthas ceadú ó UKAS i leith na tógála i mí Aibreáin 2023. Fuarthas ceadú ó Roinn na Ríochta Aontaithe um Ardú Leibhéil, Tithíocht agus Pobail *(Department for Levelling Up, Housing and Communities)* i mBealtaine 2023. Cuireadh tús le gníomhaíochtaí deimhniúcháin i mí Lúnasa 2023. Cuireadh i gcrích réamh-mheasúnú UKAS ar ISO 13485 d'fheistí leighis i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus bhí an measúnú iomlán ar an sceideal i gcomhair mhí Feabhra 2024. Cuirfear tús le próiseas ainmnithe MHRA d'fheistí leighis nuair a gheofar creidiúnú ISO 13485 ó UKAS.

### (a) Seo a leanas breac-chuntas ar shonraí airgeadais NSAI Certification UK Ltd:

| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Táillí deimhniúcháin | **–** | – |
| **Caiteachas** | | |
| Pá | **410,840** | 190,045 |
| Speansais taistil | **6,690** | 1,468 |
| Cíos agus áiseanna | **20,556** | 15,339 |
| Síntiúis d'eagraíochtaí | **50,818** | 28,986 |
| Costais oibriúcháin eile | **96,403** | 83,431 |
| Glanmhuirear (athmhuirear) idirchuideachta | **(101,520)** | – |
| | **483,787** | 319,269 |
| Barrachas/(costas) oibriúcháin don bhliain | **(483,787)** | (319,269) |

## 14. NSAI Certification UK Limited (ar lean)

| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **–** | – |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Méideanna infhála | **–** | – |
| Airgead agus coibhéisí airgid | **–** | – |
| Idirchuideachta | **–** | – |
| | **–** | – |
| **Dliteanais reatha (a bheidh dlite < 1 bhliain)** | | |
| Méideanna iníoctha | **32,000** | 29,192 |
| Idirchuideachta | **771,055** | 290,076 |
| | **803,055** | 319,268 |
| **Glansócmhainní reatha** | **(803,055)** | (319,268) |
| **Glansócmhainní** | **(803,055)** | (319,268) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| Cuntas caipitil | **1** | 1 |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe | **(803,056)** | (319,269) |
| | **(803,055)** | (319,268) |

## 15. Comhaltaí an bhoird – nochtadh idirbheart

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh NSAI dul i mbun socruithe conartha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird de chuid NSAI fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile. Ghlac NSAI nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus chloígh NSAI leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

### (a) An luach saothair a íocadh leis na Stiúrthóirí in 2023

| | | Nóta | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| An tUasal J. Kennedy | | | **11,929** |
| An tUasal R. Alcorn | | | **7,668** |
| An tUasal D. Casey | | | **7,668** |
| M. Cronin Uasal | | | **7,668** |
| An tUasal P. Devereaux | | | **7,668** |
| An tUasal W. Egenton | Chuaigh ar scor ar an 31 Nollaig 2023 | | **7,668** |
| E. Felten, Uasal | | *(i)* | **–** |
| A. Gleeson, Uasal | | | **7,668** |
| M. McKeown, Uasal | Chuaigh ar scor ar an 14 Aibreán 2023 | *(i)* | **–** |
| M. O'Connell, Uasal | | | **7,668** |
| An tUasal B. Smith | | *(i)* | **–** |
| An tUasal C. Verdon | Ionadaí de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | *(i)* | **–** |
| G. Larkin Uasal | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | *(i)* | **–** |

B'ionann luach saothair iomlán na Stiúrthóirí i leith 2023 agus €65,605 (2022: €58,969)

i) Ní raibh luach saothair iníoctha de réir an phrionsabail 'duine amháin, tuarastal amháin'.

### (b) Speansais na Stiúrthóirí

B'ionann speansais iomlána na Stiúrthóirí a íocadh díreach leis na comhaltaí i leith 2023 agus €7,717 (2022: €2,996)

### (c) Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Ba é an luach saothair iomlán a íocadh le G. Larkin, Uasal in 2023 ná €175,727 (2022: €170,303). Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina ball den scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair. Ní bhfuair G. Larkin Uasal aon íocaíochtaí i leith feidhmíochta in 2023.

### (d) Luach saothair príomhdhaoine den lucht bainistíochta

Meastar gur príomhdhaoine den lucht bainistíochta is ea na stiúrthóirí ar fad, na comhaltaí boird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus fostaithe sinsearacha áirithe a bhfuil údarás agus freagracht acu i ndáil le pleanáil, stiúradh agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Údaráis. Is ionann an luach saothair iomlán i leith na ndaoine siúd agus €834,584 (2022: €781,156).

## 16. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Níl aon idirbhearta páirtithe gaolmhara i gceist.

## 17. Ionstraimí Airgeadais

Seo a leanas an anailís ar shuimeanna glanluacha ionstraimí airgeadais an Ghrúpa agus NSAI a cheanglaítear faoi alt 11 de FRS 102:

| | 2023 Grúpa<br>€ | 2023 NSAI<br>€ | 2022 Grúpa<br>€ | 2022 NSAI<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad arna dtomhas ar a gcostas amúchta** | | | | |
| Méideanna trádála infhála | **5,211,248** | **2,841,957** | 5,068,299 | 2,790,760 |
| Réamhíocaíochtaí | **1,318,537** | **1,182,161** | 1,278,631 | 1,177,083 |
| Idirchuideachta | **–** | **17,139,051** | – | 13,996,257 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | **2,280,878** | **783,394** | 2,247,839 | 951,923 |
| **Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar a gcostas amúchta** | | | | |
| Méideanna trádála iníoctha | **253,972** | **188,372** | 148,947 | 103,627 |
| Idirchuideachta | **–** | **23,524,513** | – | 20,628,881 |
| Fabhruithe agus méideanna iníoctha eile | **1,860,996** | **1,603,986** | 1,589,534 | 1,318,445 |

## 18. Teagmhais iar-chlár comhardaithe

Tá imeachtaí dlí fós ar siúl de bhun imeachtaí a seirbheáladh ar NSAI agus tá an tÚdarás ag tabhairt aghaidh orthu sin.

## 19. Ceangaltais chaipitil

Bhí ceangaltais chaipitil €130,391 ar an eagraíocht ag deireadh na bliana (2022: €107,558).

## 20. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais ar an 26 Aibreán 2024.

# Oifigí NSAI

## Seirbhísí á soláthar go háitiúil, an trádáil á cumasú ar fud an domhain

**Ceannoifig NSAI**
**1 Cearnóg Swift**
**An Choill Thuaidh**
**Seantrabh,**
**Baile Átha Cliath 9**
**D09 A0E4**

**Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI**
Ascaill Uí Ghríofa
Glas Naíon
Baile Átha Cliath 11
D11 E527

### Oifigí Réigiúnacha NSAI agus Oifigí Méadreolaíochta Dlí

**Gaillimh**
Oifig Réigiúnach NSAI agus Oifig Méadreolaíochta Dlí NSAI
Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 NX52

**Luimneach**
Oifig Réigiúnach NSAI agus Oifig Méadreolaíochta Dlí NSAI
Páirc Theicneolaíochta Plessey
Caladh an Treoigh
Luimneach
V94 X6X0

**Corcaigh**
Oifig Méadreolaíochta Dlí NSAI
Ascaill Rosa
Baile an Easpaig
Corcaigh
T12 YA37

**Baile Átha Cliath**
Oifig Méadreolaíochta Dlí NSAI
Eastát Tionsclaíochta GFT
Crann Phapáin
Baile Átha Cliath 11
D11 DV70

**Lú**
Oifig Méadreolaíochta Dlí NSAI
Páirc Ghnó GFT
Bóthar Coe
Dún Dealgan
Co Lú
A91 EY29


**Sligeach**
Oifig Méadreolaíochta Dlí NSAI
Páirc Ghnó Fhionasclainn
Sligeach
F91 W314

**Port Láirge**
Oifig Méadreolaíochta Dlí NSAI
Eastát Tionsclaíoch GFT
Síneadh ó Thuaidh
Bóthar Chorcaí
Port Láirge
X91 HD59

### Idirnáisiúnta

NSAI Inc
USA 20
Trafalgar Square
Suite 603
Nashua
NH 03063
SAM

NSAI Certification UK Ltd
6-9 The Square
Stockley Park
Uxbridge
UB11 1FW
An Ríocht Aontaithe



NSAI

**AN CHEANNOIFIG**
1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh,
Baile Átha Cliath 9, Éire. D09 A0E4

**T** +353 1 807 3800
**F** +353 1 807 3838
**R** info@nsai.ie

**NSAI.ie**

www.linkedin.com/company/national-standards-authority-of-ireland

www.X.com/nsai_standards

www.instagram.com/nsai_standards

www.facebook.com/NSAIstandards